Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Na Chéad 5

Plean Feidhmithe 2023-2025





*Aimee, aois 5*

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Na Chéad 5

Plean Feidhmithe 2023-2025



# ÁBHAIR


## 1. Réamhráite 6

Réamhrá (An Taoiseach) 7

Réamhrá (An tAire O'Gorman) 8

## 2. Achoimre 9

Na Chéad 5 Chéim Mhóra 10

Scéal na Luath-Óige 12

## 3. Réamhrá 20

Cúlra an Phlean Feidhmithe 21

Forbhreathnú ar Na Chéad 5 23

## 4. Céim 1 de Dhul Chun Cinn Na Chéad 5 26

## 5. Ailíniú Beartas 30




## 6. Táblaí na nGníomhartha agus na ngarspriocanna 34

Sprioc A: Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla 35
Sprioc B: Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach 43
Sprioc C: Luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh 62
Sprioc D: Córas éifeachtach luath-óige 82

## 7. Tacú le feidhmiú 114

## Aguisín A: Gníomhartha á n-aistriú go hÉire Óg ó Na Chéad 5 129

## Aguisín B: Gníomhartha a Dúnadh 136

## Giorrúcháin 145

## Nótaí Deiridh 149




# 1. RÉAMHRÁITE



# RÉAMHRÁ AN TAOISIGH

Is í an fhís atá againn ná rogha thíortha na hEorpa a dhéanamh d'Éirinn mar thír do leanaí, tír ina mbeidh gach leanbh sona sásta, ina dtabharfar scoth an chúraim dóibh, agus tír ina dtosófar ar thógáil na mbloicíní a dhéanfaidh daoine fásta sona sláintiúla díobh. Cuireann Na Chéad 5 naíonáin agus leanaí óga i gcroílár ár gcuid oibre sa rialtas. Tá ár dtiomantas chun díriú ar na blianta ríthábhachtacha seo ríthábhachtach chun folláine naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach a fheabhsú.

Leagtar amach in Na Chéad 5 spriocanna uaillmhianacha ach indéanta chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais ábhartha leanaí sa bhaile agus sa phobal araon, chun folláine fhisiciúil agus mheabhrach a chur chun cinn, agus chun deiseanna foghlama dearfacha bunaithe ar shúgradh a chur ar fáil do gach leanbh le linn a luathbhlianta fáis.

Beidh gá le hiarracht leanúnach agus chomhoibritheach chun cur leis na héachtaí atá bainte amach cheana féin le linn thús na tréimhse feidhmithe. Mar thoradh, leagtar béim i bPlean Feidhmithe Na Chéad 5 do 2023-2025 ar an gcomhpháirtíocht riachtanach idir Ranna Rialtais éagsúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus na hEarnálacha Pobail agus Deonacha. Cuimsítear anseo Oifig nuabhunaithe an Chláir um Bochtaineacht agus Folláine Leanaí laistigh de Roinn an Taoisigh, a bhfuil roinnt uaillmhianta aici atá i gcomónta leo agus ag teacht lena n-uaillmhianta féin.

Leagtar amach sa Phlean Feidhmithe gníomhartha a dhéanfar sna trí bliana amach romhainn agus déanfar gnóthachtáil a thomhas i gcomparáid le garspriocanna bliantúla. Treisíonn an plean seo an Straitéis uileghabhálach trína chinntiú go gcoinnítear an Stát cuntasach agus go n-úsáidtear ár n-acmhainní ar bhealach dírithe agus comhtháite.

Tar éis na n-éachtaí suntasacha a baineadh amach faoi Chéim 1 de Phlean Feidhmithe Na Chéad 5, tá a fhios agam gur féidir linn feabhsuithe fiúntacha a dhéanamh i gcónaí i saol naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach, agus torthaí fadsaoil leanaí fud fad na tíre a fheabhsú.

Mol an óige agus tiocfaidh sí.



**Leo Varadkar** T.D.
An Taoiseach

# RÉAMHRÁ AN AIRE

Mar Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, tá áthas orm Plean Feidhmithe Na Chéad 5 (2023-2025) a fhoilsiú, rud a chuireann tús leis an dara céim feidhmithe den Straitéis uile-Rialtais deich mbliana seo.

Agus an plean feidhmithe seo á fhoilsiú agam, gabhaim buíochas leis na Ranna Rialtais, na Gníomhaireachtaí Stáit agus an Earnáil Phobail agus Dheonach agus le go leor eile as a dtoilteanas agus a dtiomantas suntasach comhchoiteann chun cur le héachtaí phlean feidhmithe Na Chéad 5 go dtí seo.

Gabhaimid buíochas ar leith lenár bpáirtithe leasmhara a bhí i láthair do Phlé Oscailte Chéim 2 ar Bheartais. Thug an plé ardán chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad chéim de Phlean Feidhmithe Na Chéad 5 agus chun cur go gníomhach le forbairt an Phlean Feidhmithe nua don tréimhse 2023-2025.

Táim an-bhuíoch de chomhaltaí Ghrúpa Idir-Rannach Na Chéad 5, atá comhdhéanta de Phríomh-Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit. Chuaigh comhaltaí aonair den Ghrúpa Idir-Rannach i dteagmháil le hoifigigh laistigh dá Ranna agus dá nGníomhaireachtaí Stáit agus le comhpháirtithe feidhmithe faoi seach (nuair is cuí) chun a gcuid gníomhartha a scrúdú, príomhthorthaí a chomhaontú le linn na chéad chéime feidhmithe eile agus na garspriocanna a bhaineann leo don tréimhse 2023-2025 a leagan amach.

Mar an gcéanna le Céim 1, bhí cur chuige atriallach, comhoibríoch agus comhairliúcháin mar thréith i bhforbairt an Phlean Feidhmithe seo agus, sa chomhthéacs sin, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don ról mór a bhí ag Éire Óg: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028 as cabhrú linn cur chuige níos cuíchóirithe a chruthú chun ár gcuspóirí beartais a bhaint amach.

Is é príomhaidhm Chreat Beartais Éire Óg ná ardán a chur ar fáil chun cearta leanaí agus daoine óga in Éirinn a bhaint amach, ionas gur féidir le gach comhpháirtí oibriú go héifeachtach le chéile chun a chinntiú go n-éireoidh go geal le leanaí agus le daoine óga. Leanfaidh Na Chéad 5, mar chomhstraitéis d'Éire Óg, de chur chuige níos dírithe a ghlacadh maidir le gníomhartha a bhaineann le tréimhse na luath-óige.

Leanfaidh mo Roinn de cheannaireacht a chur ar fáil ar fud an Rialtais maidir leis an Straitéis thábhachtach seo a chur i bhfeidhm agus táim féin agus mo chuid oifigeach ag tnúth le bheith ag obair le comhghleacaithe sna Ranna Rialtais, i nGníomhaireachtaí Stáit agus san Earnáil Phobail agus Dheonach, agus le comhpháirtithe níos leithne chun leanúint ar aghaidh le feabhsú torthaí do gach leanbh le linn thréimhse ríthábhachtach na luath-óige.

Táim lánchinnte gur féidir linn an áit is fearr ar domhan chun fás aníos ann a dhéanamh d'Éirinn buíochas leis an gcomhoibriú leanúnach.

**Roderic O'Gorman** T.D.
An tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

# 2. ACHOIMRE



# NA CHÉAD 5 CHÉIM MHÓRA

## 1. Teacht ar raon níos leithne roghanna do thuismitheoirí chun cothromaíocht a fháil idir obair agus cúram

Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le linn Chéim 1, soláthróidh Na Chéad 5 teidlíochtaí sínte ar shaoire íoctha d'aithreacha agus do mháithreacha araon chun a chinntiú gur féidir le leanaí níos mó ama a chaitheamh lena dtuismitheoirí, go háirithe sa chéad bhliain. Leagtar amach in Na Chéad 5 pleananna chun teidlíochtaí ar Shaoire agus Sochar Tuismitheoireachta a mhéadú ó 7 seachtaine go 9 seachtaine i gcomhréir le Treoir AE maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil. Faoi 2025 nuair a chuirfear fad na Saoire Máithreachais, Atharthachta agus Thuismitheoireachta le chéile, beidh sé comhionann le 46 seachtain de shaoire le pá.

## 2. Samhail de thacaíocht do thuismitheoirí

Leanfaidh Aonad Beartais Tacaíochta do Thuismitheoirí na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) de na tacaíochtaí reatha do thuismitheoirí a chuirtear ar fáil ar fud raon Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit a chuíchóiriú agus a fheabhsú trí Thacaíocht do Thuismitheoirí: Samhail Náisiúnta de Sheirbhísí Tacaíochta do Thuismitheoirí. Déanfar acmhainní faisnéise do thuismitheoirí a chomhdhlúthú ar shuíomh gréasáin nua "Tacaíocht do Thuismitheoirí" chun iompar stuama a chur chun cinn, luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh a éascú, agus na coinníollacha a chruthú chun caidrimh láidre idir tuismitheoirí agus leanaí a chruthú agus a chothabháil. Déanfaidh Aonad Beartais Tacaíochta do Thuismitheoirí RLCMLÓ critéir a fhorbairt agus a chomhaontú freisin maidir le cláir cuairte baile do naíonáin agus do leanaí óga a mhaoinítear go poiblí.

## 3. Forbairtí nua i sláinte leanaí

Tugtar gealltanas sa straitéis seo go dtógfar lucht saothair le haird ar leith ar shláinte leanaí, lucht saothair a dhíreofar ar dtús ar cheantair ina bhfuil dlús ard daonra agus míbhuntáiste. Chuir an Roinn Sláinte Grúpa Stiúrtha i dtoll a cheile in 2019 chun tús a chur le lucht saothair a chur ar bun. Mar thoradh ar athrú tosaíochta oibre i bhfianaise phaindéim COVID-19, ní dhearnadh dul chun cinn ar an obair sin. Mar sin féin, tá an Roinn Sláinte, faoi cheannaireacht na Príomh-Oifige Altranais, tar éis tús a chur arís leis an obair thábhachtach seo.

Sa chéad chéim eile seo d'fheidhmiú Na Chéad 5, beidh bearta breise ann chun iompar dearfach sláinte agus meabhairshláinte naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach a chur chun cinn. Is iad an Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) a bheidh i gceannas ar sheachadadh na mbeart seo i gcomhpháirtíocht le Príomh-Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile.

## 4. Athchóiriú ar an gcóras Luathfhoghlama agus Cúraim (FCLÓ)

Agus tógáil á déanamh ar na forbairtí suntasacha i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige (FCLÓ) agus i gCúram Leanaí d'Aois Scoile (CLAS) le blianta beaga anuas, féachann an chéad chéim eile seo d'fheidhmiú Na Chéad 5 le hinacmhainneacht, inrochtaineacht agus cáilíocht a fheabhsú arís eile.

I measc na mbeart tá: cur le forbairt Níos Fearr le Chéile (an tsamhail nua mhaoinithe do FCLÓ agus CLAS), chomh maith le feidhmiú Scileanna Cothaithe, an Plean Lucht Saothair do FCLÓ agus CLAS (2022-2028) agus feidhmiú an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí (2021-2028).

Beidh struchtúr rialachais neartaithe ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil mar bhonn agus mar thaca ag na hathchóirithe sin, lena n-áirítear ullmhúchán chun gníomhaireacht stáit ar leith nua a bhunú don earnáil.

## 5. Pacáiste beart chun dul i ngleic le bochtaineacht na luath-óige

Dírítear in Na Chéad 5 ar ghníomhartha a thabharfaidh aghaidh ar bhochtaineacht na luath-óige. Sa chéad chéim eile seo de chur chun feidhme Na Chéad 5, tabharfar isteach an tSamhail um Rannpháirtíocht Chomhionann (SuRC). Beidh SuRC ar an gceathrú gné de Níos Fearr Le Chéile (lena n-áirítear freisin an Clár um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (COLÓ), an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (SNCL) agus an Bunmhaoiniú). Féachann SuRC le rannpháirtíocht chothrom a chur chun cinn do leanaí ó gach cúlra in FCLÓ agus CLAS, le béim ar leith ar leanaí a bhfuil cineálacha éagsúla míbhuntáiste acu. Téann gníomhartha níos faide ná suíomhanna FCLÓ agus CLAS freisin, rud a chuireann le seachadadh na ngealltanas ábhartha in Ó Bhochtaineacht go Lánchumas: Plean Cláir maidir le Bochtaineacht Leanaí agus Folláine Leanaí 2023-2025 agus Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann faoin Ráthaíocht AE do Leanaí.

# SCÉAL NA LUATH-ÓIGE

## Fís

Léireofar luach ar luathbhlianta gach naíonáin agus linbh óig mar thréimhse ríthábhachtach agus ar leith ar cheart taitneamh a bhaint aisti. Cabhrófar le teaghlaigh agus cuirfear ar a gcumas naíonáin agus leanaí óga a chothú agus tacú lena bhforbairt agus cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil dóibh siúd óna dteastaíonn sí. Beidh ar chumas iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh cur lena bhfoghlaim, lena bhforbairt, lena sláinte agus lena bhfolláine. Cabhróidh comhthéacsanna pobail le naíonáin agus le leanaí óga an tairbhe is mó a bhaint dá luathbhlianta agus a lánchumas a bhaint amach.

I leathanaigh tosaigh Straitéis Na Chéad 5, leagtar amach go hachomair an dóchúlacht is físiúla don luath-óige. Tá sé mar aidhm ag Na Chéad 5 agus an Plean Feidhmithe seo an fhís seo a fhíorú.

Tá an fhís bunaithe ar na codanna is tábhachtaí i saol leanaí óga: dea-shláinte sa luath-óige a thosaíonn le linn toirchis, am le tuismitheoirí i dtimpeallacht bhaile atá cothaitheach agus spraíúil ina gcomhlíontar riachtanais ábhartha, eispéiris luathfhoghlama agus cúraim ar ardchaighdeán atá bunaithe ar shúgradh, aistrithe dearfacha chuig an mbunscoil, agus comhthéacs pobail níos leithne atá tacúil agus cuimsitheach.

Cinntíonn córas luath-óige dea-fheidhmiúil an tacaíocht is mó i ngach ceann de na réimsí seo do naíonáin agus do leanaí óga.

Leagtar amach i Straitéis Na Chéad 5 conas córas tacaíochtaí agus seirbhísí comhtháite, trasearnála agus ardchaighdeáin a fhorbairt – córas éifeachtach luath-óige[1] a chabhróidh le gach naíonán agus leanbh óg in Éirinn eispéiris dhearfacha luatha a bheith acu. Mínítear sa Straitéis cén fáth ar chóir an córas seo a fhorbairt, cén chuma ba chóir a bheith air, agus níos tábhachtaí fós, na gníomhartha riachtanacha chun é a chur i bhfeidhm.

Déantar an teaghlach a mheas ó thús go deireadh Na Chéad 5 i ngach réimse mar gheall ar an ról ríthábhachtach atá aige i dtacú le heispéiris dhearfacha do leanaí óga.

Tá an turas luathbhlianta spreagúil agus tábhachtach. Déanaimis cinnte gur scéal iontach é seo do gach leanbh.



## Óige shláintiúil a thosaíonn ag toircheas



Tosaíonn an fhoghlaim roimh bhreith. Bíonn tionchar ag an méid a tharlaíonn roimh an gcoimpeart agus le linn toirchis ar fhorbairt leanaí[2,3]. Is féidir le seiceálacha sláinte luatha fadhbanna a aithint sula bhforbraíonn siad. Is féidir leis an gcineál ceart seirbhísí ag an am ceart difear mór a dhéanamh[4,5].

Tacóidh córas éifeachtach luath-óige, mar atá leagtha amach i Sprioc D, le tuismitheoirí a bheith ullmhaithe go maith le haghaidh toirchis, rochtain a fháil ar chúram réamhbhreithe ar ardchaighdeán, roghanna sláintiúla a dhéanamh le linn toirchis agus taithí dhearfach bhreithe a bheith acu. Ciallaíonn sé seo acmhainní faisnéise ardchaighdeáin a chur ar fáil, agus seirbhísí sláinte a fheabhsú, lena n-áirítear teagmháil bhreise le máithreacha atá ag iompar clainne, chun cúram máithreachais den scoth a chinntiú[6].

I míonna agus i mblianta tosaigh an linbh, tacóidh córas éifeachtach luath-óige le tuismitheoirí caidrimh láidre a chruthú, meabhairshláinte dhearfach a chothabháil agus roghanna sláintiúla a dhéanamh, agus cuirfidh sé seiceálacha, vacsaínithe agus scagthástáil sláinte leanaí ar fáil ar bhonn uilíoch. Aithneofar leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu chomh luath agus is féidir, agus gheobhaidh siad an tacaíocht chuí[7,8].

## Am in éineacht le tuismitheoirí go háirithe sa chéad bhliain i dtimpeallacht bhaile atá cothaitheach agus spraíúil ina gcomhlíontar riachtanais ábhartha leanaí

Is iad an caidreamh idir tuismitheoirí agus leanaí, caidrimh idirthuismitheora, agus an timpeallacht bhaile[9] bunchloch na forbartha luath-óige[10]. Tá an chéim roimh thríú breithlá linbh thar a bheith tábhachtach don inchinn atá ag fás. Is é bainne cíche an caighdeán óir cothaithe naíonán[11]. Baineann naíonáin an leas is mó as aird aonair ó chúramóir grámhar agus freagrúil, rud a chuireann ar a gcumas ceangal láidir a chruthú. Le linn na míonna ríthábhachtacha seo agus ina dhiaidh sin, bíonn caidrimh chothaitheacha teaghlaigh[12,13] chomh maith le súgradh agus fionnachtain i gcroílár fhorbairt linbh[14].



Téann cúinsí fostaíochta tuismitheoirí – bíodh na tuismitheoirí ag obair lasmuigh den teach nó sa bhaile, cá háit agus cá huair a oibríonn siad agus an méid a thuilleann siad[15] – i bhfeidhm go han-mhór ar leanaí, go háirithe mar gheall ar an luach a chuireann leanaí óga agus tuismitheoirí araon ar an am a chaitear le chéile mar theaghlach[16].

Cuirfidh córas éifeachtach luath-óige ar chumas aithreacha agus máithreacha aire a thabhairt do leanaí sa bhaile le linn a gcéad bhliana trí theidlíochtaí níos flaithiúla saoire do thuismitheoirí. Tacóidh sé sin le máithreacha tús a chur le cothú

cíche agus leanúint ar aghaidh leis, agus cuirfidh sé ar chumas tuismitheoirí forbairt, cothú agus sábháilteacht leanaí a thuiscint agus tacú leo, agus luathfhoghlaim agus súgradh a chur chun cinn. Tacóidh idirghabhálacha níos déine le teaghlaigh leochaileacha chun dúshláin ghearrthéarmacha nó fhadtéarmacha a shárú[17].

Tabharfaidh córas éifeachtach luath-óige roghanna do thuismitheoirí maidir le cothromaíocht oibre agus cúraim. Ciallaíonn sé sin rochtain ar shocruithe a thacaíonn le cothromaíocht oibre is saoil, agus a chinntiú gur leor an t-ioncam ón obair chun tacú le teaghlach. Cuirtear forlíonadh ioncaim ar fáil nuair is gá ionas go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag gach teaghlach agus go gcomhlíonfar riachtanais ábhartha leanaí. Ciallaíonn sé freisin Luathfhoghlaim agus Cúram, de chineálacha éagsúla, a dhéanamh inacmhainne agus a bheith ar ardchaighdeán ionas gur rogha inmharthana í rannpháirtíocht i bhfostaíocht, bíodh sí lánaimseartha nó páirtaimseartha, do thuismitheoirí, agus iad muiníneach go bhfuil cúram maith á thabhairt dá leanaí[18].

## Eispéiris ardchaighdeáin foghlama agus cúraim luathfhoghlama (FCLÓ) bunaithe ar shúgradh

Caitheann go leor leanaí óga cuid mhór dá lá faoi chúram daoine eile seachas faoi chúram a dtuismitheoirí. Is féidir le tacaíocht do leanaí lasmuigh de chúram a dtuismitheoirí teacht ó mheascán de bhaill teaghlaigh shínte agus ó shuíomhanna luathfhoghlama agus cúraim (FCLÓ), bíodh sin sa bhaile nó in ionad. Braitheann cáilíocht na foghlama agus an chúraim ar na daoine atá freagrach, toisc go mbíonn ról ríthábhachtach ag na daoine sin i gcothú eispéiris dhearfacha do leanaí. Chun a chinntiú go dtiocfadh fás agus forbairt ar leanaí, ní mór do chúramóirí a bheith ullmhaithe go maith chun na caidrimh riachtanacha a spreagadh agus chun timpeallachtaí fabhracha a chruthú. Tá FCLÓ ardchaighdeáin thar a bheith luachmhar do leanaí a bhfuil dúshláin sa bhaile acu.



Cinnteoidh córas éifeachtach luath-óige go mbeidh na daoine a thugann aire do leanaí óga ullmhaithe chun tacú le forbairt na luath-óige. Maidir le cúram teaghlaigh, cairde agus comharsana, ciallaíonn sé seo eolas, acmhainní agus tacaíochtaí a chur ar fáil níos forleithne sa phobal áitiúil. Maidir le soláthar níos foirmiúla, íoctha, ciallaíonn sé seo lucht saothair atá cáilithe agus a gcuirtear luach mar is ceart leis, creat curaclaim a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cloí le caighdeáin agus rialacháin cháilíochta[19].

## Aistriú dearfach chuig an mbunscoil

Is aistriú mór i saol leanaí óga é an t-aistriú chuig an mbunoideachas. Is féidir le haistriú réidh tús dearfach ar scoil a chinntiú do leanaí. Fachtóirí tábhachtacha is ea an aois ag a dtosaíonn leanbh ar scoil, struchtúr na timpeallachta foghlama agus na tacaíochtaí a chuireann tuismitheoirí, cleachtóirí FCLÓ agus múinteoirí[20] ar fáil.



Tacóidh córas éifeachtach luath-óige leis an aistriú chuig an scoil ach cumarsáid níos fearr a chumasú idir suíomhanna FCLÓ, bunscoileanna agus tuismitheoirí, go háirithe do leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu; tacú le foghlaim a chuireann níos mó béime ar shúgradh agus a chuireann an leanbh i lár na foghlama i mblianta tosaigh na bunscoile; bunscoileanna a ullmhú chun freastal ar leanaí óga trí mhéideanna ranga níos lú; níos mó ama agus spáis le súgradh, agus stíleanna teagaisc idirghníomhacha[21].

## Comhthéacsanna pobail tacúla

Is é an pobal ina gcónaíonn naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh cúlra na forbartha i rith na luathbhlianta agus bíonn tionchar aige ar eispéiris laethúla[22].

Cinnteoidh córas éifeachtach luath-óige go mbeidh pobail ionchuimsitheach, le háiteanna le súgradh agus le foghlaim, deiseanna do thuismitheoirí agus do leanaí óga bualadh le chéile, agus tacaíochtaí agus seirbhísí cuimsitheacha a chothaíonn forbairt luath agus a fhreagraíonn do riachtanais bhreise, agus go gcothóidh siad ar bhonn réamhghníomhach rannpháirtíocht ó leanaí agus ó thuismitheoirí[23].

Ciallaíonn sé seo spás poiblí pobail atá deartha do naíonáin agus do leanaí óga, tacaíocht do ghrúpaí tuismitheoirí agus tachráin agus d'áiteanna eile do theaghlaigh óga chun bualadh le chéile, mar aon le seirbhísí comhtháite ina mbíonn an lucht saothair sna seirbhísí sláinte, Luathfhoghlama agus Cúraim, bunoideachais agus tacaíochta teaghlaigh, agus thar a raon, ar aon intinn, agus ina n-oibríonn siad le chéile[24].



# FÍS don LUATH-ÓIGE




EISPÉIRIS LUATHFHOGHLAMA AGUS CHÚRAIM AR ARDCHAIGHDEÁN BUNAITHE AR SHÚGRADH
IONAD LUATHFHOGHLAMA AGUS CÚRAIM
AGUS
SEIRBHÍSÍ
SCHOOL
COMHTHÁITE
LEABHARLANN
AISTRIÚ DEARFACH CHUIG AN mBUNSCOIL

# Na Chéad 5 AR AON AMHARC AMHÁIN

| Spriocanna | Cuspóirí |
|---|---|
| **A** Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla | 1. Cothromaíocht oibre agus cúraim<br>2. Eolas, seirbhísí agus tacaíochtaí do thuismitheoirí<br>3. Acmhainní praiticiúla agus ábhartha |
| **B** Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach | 4. Iompar dearfach sláinte<br>5. Seirbhísí sláinte ar ardchaighdeán<br>6. Meabhairshláinte dhearfach |
| **C** Luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh | 7. Timpeallacht dhearfach foghlama sa bhaile<br>8. Luathfhoghlaim agus Cúram (FCLÓ) inacmhainne ar ardchaighdeán<br>9. Aistrithe a dtacaítear leo |
| **D** Córas Éifeachtach Luath-Óige | see below |

**D — Córas Éifeachtach Luath-Óige**

**1 — Bloicín Tógála 1: Ceannaireacht, rialachas, comhoibriú**

Gníomhartha Straitéiseacha

- 1.A Cur chun feidhme agus rialachas
- 1.B Ceannaireacht an chórais luath-óige
- 1.C Tionscadail chomhoibríocha

**2 — Bloicín Tógála 2: Rialáil, cigireacht, dearbhú cáilíochta**

Gníomhartha Straitéiseacha

- 2.A Caighdeáin a fhorbairt, a fheabhsú, a chur i bhfeidhm
- 2.B Rialáil agus cigireacht athchóirithe

# Gníomhartha Straitéiseacha

| | | |
|---|---|---|
| 1.1 Cúram tuismitheoirí do leanaí, go háirithe le linn na chéad bhliana | 1.2 Obair sholúbtha a thacaíonn leis an teaghlach | |
| 2.1 Eolas agus acmhainní do thuismitheoirí | 2.2 Samhail shrathach de thacaíocht do thuismitheoirí | |
| 3.1 Bearta chun aghaidh a thabhairt ar ioncam teaghlaigh agus ar bhochtaineacht na luath-óige | 3.2 Cóiríocht oiriúnach do theaghlaigh a bhfuil leanaí acu | 3.3 Pobail a thacaíonn le leanaí |

| | | |
|---|---|---|
| 4.1 Iompar dearfach sláinte i dteaghlaigh | 4.2 Tacaíochtaí iompair sláinte i suíomhanna agus i bpobail a fhreastalaíonn ar leanaí | 4.3 Sábháilteacht leanaí agus cosc díobhála |
| 5.1 Clár Náisiúnta um Óige Shláintiúil a Fhorbairt | 5.2 Cúram teiripeach agus leighis do naíonáin agus do leanaí | |
| 6.1 Fadhbanna meabhairshláinte a aithint go luath | 6.2 Rochtain ar thacaíochtaí meabhairshláinte | |

| | | |
|---|---|---|
| 7.1 Timpeallachtaí spraíúla foghlama sa bhaile | 7.2 Rannpháirtíocht tuismitheoirí i luathfhoghlaim leanaí | 7.3 Rannpháirtíocht san fhoghlaim lasmuigh den bhaile |
| 8.1 FCLÓ ardchaighdeáin inacmhainne | 8.2 FCLÓ ardchaighdeáin fóirdheonaithe a bheith ar fáil | 8.3 FCLÓ a chuireann rannpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht chun cinn |
| 9.1 Malartú faisnéise chun tacú le haistrithe | 9.2 Leanúnachas idir FCLÓ agus suíomhanna bunscoile | 9.3 Tacaíochtaí chun foghlaim a chothú le linn aistrithe |

## 3 Ioicín Tógála 3: Lucht saothair oilte agus inbhuanaithe

### Gníomhartha Straitéiseacha

3.A Riachtanais na foirne a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu

3.B Oiliúint tosaigh agus FGL a fheabhsú do gach ball foirne luath-óige

3.C FCLÓ a ghairmiú; tacú le fostóirí lucht saothair ar ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil

## 4 Bloicín Tógála 4: Taighde, sonraí, monatóireacht agus meastóireacht

### Gníomhartha Straitéiseacha

4.A Tacú le taighde luath-óige

4.B Sonraí riaracháin agus torthaí a fhorbairt

4.C Monatóireacht láidir

## 5 Bloicín Tógála 5: Infheistíocht straitéiseach

### Gníomhartha Straitéiseacha

5.A Maoiniú poiblí

5.B Infheistíocht straitéiseach

5.C Dul chun cinn a rianú

# 3. RÉAMHRÁ



# CÚLRA AN PHLEAN FEIDHMITHE

Foilsíodh Na Chéad 5, an straitéis uile-Rialtais agus uile-shochaí deich mbliana do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh i mí na Samhna 2018, rud a chomhlíon príomhghníomhaíocht i dTorthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile (TNFTNG): an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga (2014-2020). Tá Na Chéad 5 fós ina chomhstraitéis den chreat beartais comharba do leanaí agus do dhaoine óga – Éire Óg.

Dírítear in Na Chéad 5 ar thréimhse na luath-óige, ón tréimhse réamhbhreithe go dtí aois a cúig, agus glacann sé cur chuige comhcheangailte tras-rialtais chun tacú le naíonáin, le leanaí óga agus lena dteaghlaigh le linn na luathbhlianta ríthábhachtacha sin.

Sainaithníodh sa Straitéis níos mó ná 150 gníomh tosaigh ar fud Ranna Rialtais[25] ar ndearnadh dul chun cinn suntasach ar go leor díobh sa chéad chéim feidhmithe ó 2019 go 2022. Rinneadh doiciméadú ar an dul chun cinn i dTuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme a tiomsaíodh le linn Chéim 1.

Bhí na Tuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme sin, chomh maith le haighneacht ó Chomhairle Chomhairleach TNFTNG agus Plé Oscailte ar Bheartais Na Chéad 5, i measc na bpríomh-ionchur i bhforbairt an dara plean feidhmithe. Beidh teacht ar a tharla ag imeachtaí de chuid Plé Oscailte ar Bheartais Na Chéad 5 ar fáil ag www.gov.ie/first5.

Bhí forbairt Phlean Feidhmithe Na Chéad 5 (2023-2025) faoi stiúir na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus thacaigh comhaltaí de Ghrúpa Idir-Rannach Na Chéad 5 léi, a bhí comhdhéanta de Phríomh-Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit. Chuaigh comhaltaí aonair den Ghrúpa Idir-Rannach i dteagmháil le hoifigigh laistigh dá Ranna, le Gníomhaireachtaí Stáit agus le comhpháirtithe feidhmithe faoi seach (nuair is cuí) chun a gcuid gníomhartha a scrúdú, príomhthorthaí a chomhaontú le linn na céime cur chun feidhme seo, agus na garspriocanna a bhaineann leo don tréimhse 2023-2025 a leagan amach.

Tá 125 gníomh sa dara plean feidhmithe seo, lena n-áirítear gníomhartha nua agus leasaithe a chuireann le cuid mhór den bhunobair a rinneadh laistigh de thréimhse cur chun feidhme Chéim 1. Ar chúiseanna tosaíochta, acmhainní agus cúinsí eile, ní chuirfear tús le seicheamhú roinnt gníomhartha in 2023 ach déanfar dul chun cinn suntasach orthu go léir sa chéad tréimhse cur chun feidhme eile seo.



Plean Feidhmithe Na Chéad 5 (2023-2025):

- Tugtar forléargas achomair ann ar Na Chéad 5, lena n-áirítear na príomhghníomhartha atá le seachadadh;
- Aithnítear ann an ceannasaí agus na comhpháirtithe a chuirfidh gníomhartha i bhfeidhm agus mínítear an t-aschur lárnach atá le baint amach faoi 2025 do gach gníomh, mar aon le sceideal soiléir de gharspriocanna bliantúla a bhaineann leo;
- Tugtar forbhreathnú ann ar na struchtúir a thacóidh le feidhmiú;
- Déantar cur síos ann ar na próisis chun tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme; agus
- Tugtar achoimre ann ar dhúshláin cur chun feidhme, rioscaí agus maoluithe.

Is príomhshásra é an Plean Feidhmithe, agus garspriocanna á leagan amach do 2023, 2024 agus 2025, chun na gníomhartha a phleanáil agus a chur in ord, agus chun cumarsáid níos forleithne a dhéanamh faoi na rudaí is dócha a chuirfear chun cinn agus cá huair.



*Katelyn, aois 3*

# FORBHREATHNÚ AR NA CHÉAD 5

## Fís, Spriocanna, Prionsabail agus Creat Gníomhaíochta

### Fís

'Léireofar luach ar luathbhlianta gach naíonáin agus linbh óig mar thréimhse ríthábhachtach agus ar leith ar cheart taitneamh a bhaint aisti. Cabhrófar le teaghlaigh agus cuirfear ar a gcumas naíonáin agus leanaí óga a chothú agus tacú lena bhforbairt agus cuirfear tacaíocht bhreise ar fáil dóibh siúd óna dteastaíonn sí. Beidh ar chumas iad siúd a sholáthraíonn seirbhísí do naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh cur lena bhfoghlaim, lena bhforbairt, lena sláinte agus lena bhfolláine. Cabhróidh comhthéacsanna pobail le naíonáin agus le leanaí óga an tairbhe is mó a bhaint dá luathbhlianta agus a lánchumas a bhaint amach'.

### Spriocanna

- Sprioc A: Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla
- Sprioc B: Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach
- Sprioc C: Luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh
- Sprioc D: Córas éifeachtach luath-óige



*Anna, aois 5*

## Prionsabail

Tarraingítear na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag Na Chéad 5 ó Right from the Start: Tuarascáil an tSainghrúpa Chomhairligh ar an Straitéis Luathbhlianta.

- Is tréimhse shuntasach agus ar leith í an luath-óige sa saol nach mór a chothú, a mheas, a luacháil agus tacaíocht a thabhairt di féin, mar thréimhse.
- Bíonn ról lárnach ag caidrimh agus idirghníomhaíochtaí le daoine eile suntasacha, agus ag na timpeallachtaí ina dtarlaíonn siad, i gcaighdeán eispéiris leanaí sa luath-óige.
- Ba cheart go mbeadh seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí agus dá dteaghlaigh ar ardchaighdeán, inacmhainne agus inrochtana do chách, agus ag an am céanna a aithint go mbeidh tacaíocht bhreise ag teastáil ó roinnt leanaí agus teaghlach.
- Chun seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar, ceanglaítear ar gach duine atá ag obair le leanaí agus le teaghlaigh cumarsáid a dhéanamh agus comhoibriú lena chéile agus le leanaí agus teaghlaigh ar bhealach a léiríonn comhurraim agus go bhfuil gach duine ann chun an sprioc chéanna a bhaint amach le chéile.
- Ní mór don tsochaí meas agus tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, caomhnóirí agus teaghlaigh agus do gach duine a chuireann folláine, foghlaim agus forbairt leanaí óga chun cinn.
- Ba chóir go mbeadh beartais rialtais a bhaineann le leanaí bunaithe ar fhianaise, ar chaighdeáin idirnáisiúnta dea-chleachtais agus ar chearta leanaí.



*Ciara, aois 4*

## Creat gníomhaíochta

Déantar na ceithre Sprioc a sheachadadh trí naoi gCuspóir idirghlasála (faoi Spriocanna A, B agus C) agus cúig Chuid (faoi Sprioc D). Faoi gach Cuspóir agus Cuid, leagtar amach Gníomhartha Straitéiseacha. Is é seo an creat gníomhaíochta do thréimhse iomlán 'Na Chéad 5' agus is é an bonn é chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme.

Sainaithníodh 125 gníomh le cur chun cinn sna trí bliana amach romhainn (2023-2025).

Tríd is tríd, comhlánaíonn na gníomhartha sin na gníomhartha atá ann cheana ó Chéim 1 agus cuireann siad leo.

Mar Straitéis bheo le hathbhreithniú ionsuite gach trí bliana, féadfar gníomhartha nua le seachadadh a chur le Na Chéad 5 de réir mar a théann an cur chun feidhme ar aghaidh agus de réir mar a shainaithnítear réimsí nua tosaíochta. Féadfar gníomhartha a mharcáil mar ghníomhartha a baineadh amach nó iad a leasú freisin. Is é is aidhm dó sin ná na céimeanna riachtanacha a léiriú atá le glacadh chun príomh-aschuir a sheachadadh agus an dul chun cinn a rinneadh i bpríomhréimsí le linn Chéim 1 a léiriú. Áirítear leis an gcur chun feidhme freisin clár Thrialacha Na Chéad 5 agus clár Taighde agus Meastóireachta Na Chéad 5.

Fiosróidh clár Thrialacha Na Chéad 5 tuilleadh tionscnamh nuálach chun éifeachtacht a thástáil i gcomhthéacs Éireannach, agus chun oiriúnacht do chur i bhfeidhm ar fud na tíre a chinneadh.

Tacóidh Clár Taighde agus Meastóireachta Na Chéad 5 leis na trialacha seo, agus cuirfidh sé leis an tuiscint ar shaol leanaí óga agus ar shaol a dteaghlach agus ar na seirbhísí agus na tacaíochtaí is mó a dhéanfaidh difear dóibh.



# 4. DUL CHUN CINN NA CHÉAD 5 CÉIM 1




# DUL CHUN CINN FORIOMLÁN I GCÉIM 1 AGUS MAIDIR LE GARSPRIOCANNA CHÉIM 1

## Feidhmiú de réir uimhreacha

Tugtar sa tábla thíos líon na ngarspriocanna a gealladh do Chéim 1 gach bliain, arna miondealú de réir sprice. Bhí os cionn 800 garsprioc ann le linn na tréimhse sin, agus baineadh a bhformhór amach i gCéim 1. Is féidir teacht ar Thuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme ag www.gov.ie/first5.

| Spriocan | Garspriocanna 2019 | Garspriocanna 2020 | Garspriocanna 2021/22 |
|---|---|---|---|
| Sprioc A | 45 | 37 | 30 |
| Sprioc B | 94 | 92 | 74 |
| Sprioc C | 63 | 66 | 43 |
| Sprioc D | 103 | 96 | 87 |
| **Iomlán** | **305** | **291** | **234** |



*Zoe, aois 5*

## Dul chun cinn déanta i dtreo Spriocanna Na Chéad 5

Áiríodh in Na Chéad 5 trí sprioc tosaigh do Chéim 1. Leagtar amach thíos an dul chun cinn a rinneadh ar na spriocanna sin i gCéim 1:

SPRIOC 1

## Saoire thuismitheoireachta íoctha

Faoi 2028, tacófar le tuismitheoirí aire a thabhairt dá naíonáin sa bhaile don chéad bhliain ar fad trí mheascán de scéimeanna saoire teaghlaigh íoctha. Faoi 2021, beidh teidlíocht aonair ag tuismitheoirí ar sheacht seachtaine de Shaoire Thuismitheoireachta íoctha, ar féidir í a thógáil le linn na mblianta is luaithe dá leanbh, chun ligean do leanaí leas a bhaint as cúram tuismitheora 14 seachtaine breise ina c(h)éad bhliain.

**Dul Chun Cinn a Baineadh Amach**

Cuireadh síneadh seacht seachtaine le Saoire agus Sochar Tuismitheoireachta in aghaidh an tuismitheora ón 1 Iúil 2022.

SPRIOC 2

## Lucht saothair luathfhoghlama agus cúraim faoi stiúir céimithe

Faoi 2028, beidh íoscháilíocht ag gach feighlí leanaí rialaithe, beidh íoscháilíocht ag gach ball foirne rialaithe cúraim leanaí d'aois scoile; agus beidh cáilíocht chuí ar leibhéal céime ag lucht saothair luathfhoghlama agus cúraim faoi stiúir céimithe, le 50% ar a laghad den fhoireann ag obair go díreach le leanaí i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim ionad-bhunaithe agus comhordaitheoirí ag tacú le hobair feighlithe leanaí (agus sprioc tosaigh 30% bainte amach faoi 2021).

**Dul Chun Cinn a Baineadh Amach**

In 2021, bhí cáilíocht chuí ar leibhéal céime ag 34% den fhoireann a bhí ag obair go díreach le leanaí i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim ionad-bhunaithe. Mhéadaigh sé sin go 37% in 2022 – níos airde ná an sprioc tosaigh de 30% faoi 2021.

SPRIOC 3

## Dúbailt ar infheistíocht phoiblí sa luathfhoghlaim agus sa chúram agus i gcúram leanaí d'aois scoile

Faoi 2028, déanfar leibhéal na hinfheistíochta poiblí sa luathfhoghlaim agus sa chúram agus i gcúram leanaí d'aois scoile a dhúbailt ar a laghad (i.e. €485m breise in infheistíocht phoiblí).

### Dul Chun Cinn a Baineadh Amach

I mBuiséad 2023, leithdháileadh €346m breise ar luathfhoghlaim agus ar chúram leanaí d'aois scoile. Tá leithdháileadh 2023 de €1.025bn níos airde ná sprioc infheistíochta Na Chéad 5 cúig bliana roimh an am.



*Jamie, aois 5*

# 5. AILÍNIÚ BEARTAS

Is straitéis Uile-Rialtais é Na Chéad 5. Is comhstraitéis den chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga – Éire Óg – í agus tá sí ailínithe le hiarracht níos leithne Uile-Rialtais chun saol leanaí agus daoine óga a fheabhsú.

## Éire Óg: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028

Is comhstraitéis de chuid Éire Óg é Na Chéad 5, an Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028. Is é príomhaidhm an Chreata Beartais seo ná ardán a chur ar fáil chun cearta leanaí agus daoine óga in Éirinn a bhaint amach ionas gur féidir le gach comhpháirtí oibriú le chéile go héifeachtach le cinntiú go n-éireoidh go geal le leanaí agus le daoine óga. Cé go ndíríonn Na Chéad 5 ar ghníomhartha a thugann aghaidh go díreach agus go sonrach ar riachtanais le linn na luath-óige (céim réamhbhreithe go 5 bliana d'aois), leagann Éire Óg amach gníomhartha a bhaineann leis an óige agus leis an aosacht óg (céim réamhbhreithe go 24 bliain d'aois). I gCéim 1 de Na Chéad 5, thug roinnt gníomhartha aghaidh ar riachtanais trí thréimhse na hóige ar fad. Glacann Céim 2 cur chuige níos dírithe, le gníomhartha a bhaineann le tréimhse na luath-óige amháin. Déanfar monatóireacht agus tuairisciú anois ar ghníomhartha iomlán na hóige a gealladh ar dtús in Na Chéad 5 laistigh de shásraí tuairiscithe Éire Óg (féach Aguisín A). Tá Straitéis Na Chéad 5 agus Creat Éire Óg araon comhlántach agus ailínithe.

I gCreat Beartais nua Éire Óg:

- leagtar amach fadhbanna reatha a mbíonn tionchar acu ar leanaí agus ar dhaoine óga a shainaithin iad, mar a léirigh an Tacar Táscaire Leanaí agus Daoine Óga agus mar a léirigh Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ina Bhreathnóireachtaí Deiridh ar an gcúigiú agus an séú tuarascáil thréimhsiúil in Éirinn le chéile,
- leagtar amach clár oibre chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú ina bhfuil leanaí agus daoine óga mar chuid lárnach de chlár oibre gach duine,
- cuimsítear cláir spriocdhírithe chun díriú ar na dúshláin is suntasaí do leanaí agus do dhaoine óga, rud a thugann infheictheacht d'fhadhb agus a chothaíonn cur chuige tras-rialtais chun dul chun cinn dearfach a dhéanamh sa réimse roghnaithe,
- athbhunaítear struchtúir rialachais ina n-oibreoidh an Stát le comhpháirtithe na sochaí sibhialta chun ceannaireacht agus spreagadh athnuaite a chur ar fáil chun gealltanais bheartais reatha a bhaint amach amhail Na Chéad 5, Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Ráthaíocht Leanaí AE na hÉireann, an Clár maidir le Bochtaineacht Leanaí agus Folláine Leanaí nua-fhógartha, agus mórthionscnaimh bheartais eile ar fud an Rialtais a imríonn tionchar ar leanaí agus ar dhaoine óga,


- sainaithnítear na réimsí tosaíochta a éilíonn gníomh comhordaithe ar fud an Rialtais, agus
- sainaithnítear roinnt gníomhartha comhlántacha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a sainaithníodh le linn fhorbairt an chreata.

## Ó Bhochtaineacht go Lánchumas: Clár maidir le Bochtaineacht Leanaí agus Folláine Leanaí

Léiríonn bunú Oifig an Chláir maidir le Bochtaineacht Leanaí agus Folláine Leanaí i Roinn an Taoisigh tosaíocht an Rialtais maidir le bochtaineacht leanaí agus folláine leanaí mar fhadhb ríthábhachtach atá os comhair na hÉireann.

Cinnteoidh Oifig an Chláir comhordú ar fud an Rialtais, cuirfidh sí ceannaireacht straitéiseach ar fáil ó lár an Rialtais, agus tabharfaidh sí cuntasacht fheabhsaithe don chlár oibre bochtaineachta leanaí chun difríocht inláimhsithe a dhéanamh do shaol leanaí agus do shaol a dteaghlach.

I mí Lúnasa, d'fhoilsigh an Rialtas an chéad Phlean Cláir: "Ó Bhochtaineacht go Lánchumas: Plean Cláir um Fholláine Leanaí 2023-2025". Is é cuspóir an Chláir aird tras-rialtais a dhíriú ar na réimsí sin a dhéanfaidh an difríocht is mó, go háirithe do leanaí ar mó an seans go mbeidh taithí acu ar an mbochtaineacht agus a mbeidh dúshláin níos mó rompu chun í a shárú.



Déanann an Clár tógáil ar na sé réimse tosaíochta tosaigh atá aitheanta ag an Rialtas a d'fhéadfadh athrú suntasach a chur i bhfeidhm do theaghlaigh agus do leanaí. Is iad seo a leanas na tosaíochtaí sin:

1. Tacaíochtaí ioncaim agus easpa fostaíochta
2. Luathfhoghlaim agus cúram leanaí
3. Costas an oideachais a laghdú
4. Teaghlaigh gan dídean
5. Sláinte phoiblí, tacaíocht teaghlaigh agus tuismitheoirí, agus seirbhísí folláine a chomhdhlúthú agus a chomhtháthú
6. Rannpháirtíocht sa chultúr, sna healaíona agus sa spórt a fheabhsú do leanaí agus do dhaoine óga atá thíos leis an mbochtaineacht

Féachann Na Chéad 5 agus Éire Óg go sonrach le haghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht sa luath-óige agus lena chinntiú go gcomhlíontar riachtanais ábhartha leanaí óga ina dtimpeallacht bhaile. Baineann maireachtáil gan acmhainní ábhartha an bonn d'acmhainneacht an linbh a bheith rathúil agus is féidir leis tionchar a imirt ar a bhfolláine. Tá roinnt tosaíochtaí comhroinnte agus comhlántacha ag Oifig an Chláir a chabhróidh le dul i ngleic le bochtaineacht leanaí, lena n-áirítear:

- Tacú le forbairt an lucht saothair a mbeidh a aird ar shláinte leanaí, lena n-áirítear luach na cuairte baile a chur chun cinn.
- Uaillmhian "Tacaíocht do Thuismitheoirí: Samhail Náisiúnta de Sheirbhísí Tacaíochta do Thuismitheoirí" a bhaint amach, agus soláthar foriomlán seirbhísí tacaíochta teaghlaigh reachtúla agus neamhreachtúla a fheabhsú.
- Dul i dteagmháil leis an RLCMLÓ agus le Ranna eile chun feabhas a chur ar thionscnaimh atá ann cheana féin chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ar leanaí, lena n-áirítear fócas a chur ar an gcaoi a spreagann an caiteachas seo torthaí ar bhochtaineacht agus ar fholláine leanaí.



*Leon, aois 4*

## Straitéisí eile uile-Rialtais

Tá Na Chéad 5 ag teacht le straitéisí eile ar fud an Rialtais, lena n-áirítear:

- Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030
- An 2ú Straitéis Náisiúnta ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe – ESD go 2030
- Straitéis Nuálaíochta an Uathachais
- Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030
- Straitéis Náisiúnta Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití (Le foilsiú)
- Straitéis Náisiúnta Máithreachais – Todhchaí Níos Fearr a Chruthú le Chéile 2016-2026
- Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní
- Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach
- Scileanna a Chothú: An Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile 2022-2028
- Ár dTodhchaí Tuaithe: Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025
- Treochlár um Chuimsiú Sóisialta 2020-2025
- Sláintecare
- Ráiteas Polasaí Oideachais ETIM 2017–2026
- Plean Óige Ildánach 2023-2027
- Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid, Straitéis Náisiúnta na Leabharlann Poiblí 2023-2027



*Faye, aois 3*

# 6. TÁBLAÍ NA nGNÍOMHARTHA AGUS NA nGARSPRIOCANNA



# SPRIOC A:
# TEAGHLAIGH AGUS POBAIL LÁIDRE AGUS THACÚLA



# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 1

## Cuideofar le tuismitheoirí cothromaíocht a bhaint amach idir obair agus cúram chun cur le forbairt bharrmhaith leanaí agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as cúinsí a dteaghlach[1].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.1**<br><br>**Éascaigh do mháithreacha agus d'aithreacha aire a thabhairt dá leanbh sa bhaile le linn chéad bhliain an linbh.** | A.1.1.1.<br><br>Scéim Saoire agus Sochair do Thuismitheoirí a Leathnú. | Comhcheannasaithe: RLCMLÓ agus RCS | Faoi 2025 nuair a chuirfear fad na Saoire Máithreachais, Atharthachta agus Thuismitheoireachta le chéile, beidh sé comhionann le 46 seachtain saoire do theaghlach le dhá thuismitheoir.<br><br>Ina theannta sin, tá 16 seachtaine de shaoire mháithreachais gan phá ar fáil. | Maoiniú faighte i mbuiséad 2024. | I gcomhréir le Treoir AE maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil, méadófar Saoire agus Sochar Tuismitheoireachta faoi choicís go naoi seachtaine faoi mhí Lúnasa 2024.<br><br>Rialacháin a rinneadh faoin Acht um Shaoire agus Sochar do Thuismitheoirí, 2019. | Faoi 2025 nuair a chuirfear fad na Saoire Máithreachais, Atharthachta agus Thuismitheoireachta le chéile, beidh sé comhionann le 46 seachtain saoire do theaghlach le dhá thuismitheoir. |
| | A.1.1.2.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar scéimeanna Saoire agus Sochair Mháithreachais, Atharthachta agus Thuismitheoirí, go háirithe maidir le rátaí íocaíochta agus le hincháilitheacht. | Comhcheannasaithe: RLCMLÓ agus RCS | Teidlíocht chun saoire mháithreachais a chur siar le gur féidir tabhairt faoi chóireáil ar thinneas tromchúiseach.<br><br>Rátaí íocaíochta faoi na scéimeanna Saoire agus Sochair Mháithreachais, Atharthachta agus Thuismitheoirí athbhreithnithe mar chuid den phróiseas bliantúil Meastachán. | Ceannteidil an Bhille foilsithe chun teidlíocht a bhunú chun saoire mháithreachais a chur siar le haghaidh cóireála do thinneas tromchúiseach. | Reachtaíocht achtaithe a cheadaíonn saoire mháithreachais a chur siar le gur féidir tabhairt faoi chóireáil ar thinneas tromchúiseach.<br><br>Rátaí íocaíochta athbhreithnithe mar chuid de Mheastacháin 2025.<br><br>Féach freisin D.4.B.6. | Rátaí íocaíochta athbhreithnithe mar chuid de Mheastacháin 2026.<br><br>Féach freisin D.4.B.6. |

1 Tabhair faoi deara, go mb'fhéidir nach rithfeadh uimhreacha gníomhaíochta in ord seicheamhach toisc gur bogadh roinnt gníomhartha go hÉire Óg nó gur dúnadh iad. Féach Aguisíní A agus B le haghaidh tuilleadh sonraí.

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 1

## Cuideofar le tuismitheoirí cothromaíocht a bhaint amach idir obair agus cúram chun cur le forbairt bharrmhaith leanaí agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as cúinsí a dteaghlach.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.1**<br><br>**Éascaigh do mháithreacha agus d'aithreacha aire a thabhairt dá leanbh sa bhaile le linn chéad bhliain an linbh.** | A.1.1.3.<br><br>Céimeanna a ghlacadh chun glacadh teidlíochtaí saoire a chur chun cinn. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>RCS | Teimpléid d'fhostóirí curtha i bhfeidhm ar fud na tíre chun feasacht ar chearta saoire a mhéadú i measc fostaithe. | N/B | Conradh bronnta chun teimpléid a fhorbairt d'fhostóirí ar féidir iad a úsáid chun feasacht ar chearta saoire a mhéadú i measc fostaithe. | Teimpléid d'fhostóirí curtha i bhfeidhm go náisiúnta is féidir a úsáid chun feasacht ar chearta saoire a mhéadú i measc fostaithe. |
| **1.2**<br><br>**Rochtain ar obair sholúbtha atá oiriúnach don teaghlach a fheabhsú.** | A.1.2.3.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhbheartais reachtúla agus neamhreachtúla agus taighde a dhéanamh ar a n-éifeachtacht chun tacú le hobair atá cairdiúil don teaghlach agus solúbtha do thuismitheoirí a bhfuil leanaí óga acu. Ar bhonn thorthaí an athbhreithnithe agus an taighde, treoir agus uirlisí a fhorbairt chun fostóirí a éascú chun roghanna oibre níos cabhraí don teaghlach a thairiscint, ionas go gcuirfidh reachtaíocht, cultúr agus cleachtas fostaíochta na Straitéise ar chumas tuismitheoirí cothromaíocht a bhaint amach idir obair agus cúram, agus comhionannas inscne a chur chun cinn ag an am céanna. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>RFTF, RLCMLÓ, RCS | An ceart chun obair sholúbtha a iarraidh a bheith ar fáil do thuismitheoirí agus do chúramóirí. | Tosach feidhme an chirt chun cianobair sholúbtha a iarraidh do thuismitheoirí agus do chúramóirí. | Is féidir le tuismitheoirí agus cúramóirí leas a bhaint as obair sholúbtha agus as cianobair. | Cuirfear tús le hathbhreithniú ar fhorálacha ábhartha faoin Acht um Chothromaíocht Oibre is Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 2

## Bainfidh tuismitheoirí tairbhe as faisnéis agus seirbhísí ardchaighdeáin atá bunaithe ar fhianaise ar ghnéithe éagsúla den tuismitheoireacht chun tacú le forbairt leanaí agus caidrimh dhearfacha teaghlaigh thar réimse riachtanas[2].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.1**<br><br>**Comhoibriú a threorú ar fud Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit chun acmhainní faisnéise a fhorbairt, a dhearadh agus a scaipeadh chun tacú le tuismitheoireacht.** | A.2.1.1.<br><br>Tríd an Aonad Beartais Tacaíochta do Thuismitheoirí, leanúint ar aghaidh ag comhdhlúthú, ag cuíchóiriú agus ag neartú acmhainní faisnéise do thuismitheoirí. A chinntiú go bhfuil faisnéis chomhsheasmhach, ardchaighdeáin agus inrochtana ar fáil agus go bhforbrófar acmhainní faisnéise atá éasca le húsáid, tarraingteach, agus ar ardchaighdeán ar fud ardáin éagsúla lena n-áirítear suíomh gréasáin "Tacaíocht do Thuismitheoirí". | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Gach Roinn agus Gníomhaireacht Rialtais ábhartha | Faisnéis faoi thacaíochtaí tuismitheoireachta ardchaighdeáin, cuimsitheacha agus fianaise-threoraithe a bheith curtha chun cinn agus teacht ag gach tuismitheoir uirthi go náisiúnta. | Tús a bheith curtha le cruinnithe le Foireann Sonraí Tusla agus RLCMLÓ maidir leis an Tionscadal Náisiúnta Mapála de Sheirbhísí Tacaíochta do Thuismitheoirí.<br><br>Tá an suíomh gréasáin "Tacaíocht do Thuismitheoirí" beo ar gov.ie, mar ionad ilfhreastail inar féidir faisnéis a fháil ar gach Seirbhís Tacaíochta do Thuismitheoirí atá ar fáil go náisiúnta.<br><br>Tús curtha le Feachtas Cumarsáide Sóisialta a chuireann Seirbhísí Tacaíochta do Thuismitheoirí chun cinn go náisiúnta.<br><br>Treoirchiste Feasachta um Thacaíochtaí do Thuismitheoirí CSLDÓ leithdháilte ar 10 CSLDÓ. | Tá Léarscáil Náisiúnta de Sheirbhísí Tacaíochta do Thuismitheoirí i bhfeidhm.<br><br>Déantar an trácht ar leathanach gréasáin Tacaíocht do Thuismitheoirí ar gov. ie a rianú, agus straitéisí in úsáid chun an trácht a mhéadú.<br><br>Feachtas Cumarsáide Sóisialta a chuireann Seirbhísí Tacaíochta do Thuismitheoirí chun cinn, a sheolann trácht chuig suíomh gréasáin ar gov.ie go náisiúnta.<br><br>Rudaí foghlamtha ó Threoirchiste Feasachta um Thacaíochtaí do Thuismitheoirí CSLDÓ a corpraíodh i gCiste 2024 – leithdháilte ar 27 CSLDÓ. | Léarscáil Náisiúnta de Sheirbhísí Tacaíochta do Thuismitheoirí á húsáid ag RLCMLÓ, Tusla agus sprioclucht féachana e.g. tuismitheoirí, cleachtóirí.<br><br>Déantar an trácht ar leathanach gréasáin Tacaíocht do Thuismitheoirí ar gov. ie a rianú, agus straitéisí in úsáid chun an trácht a mhéadú.<br><br>Rannpháirtíocht le feachtas cumarsáide sóisialta a chuireann Seirbhísí Tacaíochta do Thuismitheoirí chun cinn go náisiúnta.<br><br>Treoirchiste Feasachta um Thacaíochtaí do Thuismitheoirí CSLDÓ leithdháilte ar 27 CSLDÓ. |

2 Tabhair faoi deara, go mb'fhéidir nach rithfeadh uimhreacha gníomhaíochta in ord seicheamhach toisc gur bogadh roinnt gníomhartha go hÉire Óg nó gur dúnadh iad. Féach Aguisíní A agus B le haghaidh tuilleadh sonraí.

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 2

## Bainfidh tuismitheoirí tairbhe as faisnéis agus seirbhísí ardchaighdeáin atá bunaithe ar fhianaise ar ghnéithe éagsúla den tuismitheoireacht chun tacú le forbairt leanaí agus caidrimh dhearfacha teaghlaigh thar réimse riachtanas.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.1**<br>**Comhoibriú a threorú ar fud Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit chun acmhainní faisnéise a fhorbairt, a dhearadh agus a scaipeadh chun tacú le tuismitheoireacht.** | A.2.1.3.<br>Ag féachaint do thorthaí na meastóireachtaí a rinneadh, tograí costáilte a fhorbairt chun tionscnaimh an Bhirt Naíonáin agus na Leabharlainne Bige a chur i bhfeidhm tuilleadh. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Le cinneadh ar bhunú an Ghrúpa Maoirseachta | An Beart Naíonáin Beag agus an Leabharlann Bheag a chur ar fáil ar bhonn céimneach do gach teaghlach. | Meastóireachtaí ar threoirthionscnaimh an Bhirt Naíonáin agus na Leabharlainne Bige curtha i gcrích. | Forbraíodh tograí costáilte. | Tús a chur le feidhmiú céimneach náisiúnta faoi réir forbairtí in 2024. |
| **2.2**<br>**Samhail shrathach de sheirbhísí do thuismitheoirí a fhorbairt ar bhonn soláthair uilíoch, le tacaíocht bhreise ar fáil do thuismitheoirí de réir a leibhéil riachtanais ar bhonn forásach.** | A.2.2.3.<br>Faoin gclár Athchóirithe Cleachtais, déanfar measúnú scóipe mar chuid de shruth oibre na Tacaíochta Teaghlaigh chun a fháil amach an féidir an doras tosaigh a leathnú chun an Chonair Tacaíochta Teaghlaigh a ionchorprú níos fearr in éineacht le conairí tacaíochta eile. Déanfar iniúchadh ar phróisis maidir le scagadh agus measúnú ag an doras tosaigh agus é mar aidhm rochtain ar na conairí éagsúla tacaíochta teaghlaigh a fheabhsú, lena n-áirítear tacaíocht do thuismitheoirí. Tacófar leis seo freisin trí thogra a fhorbairt le haghaidh conair shoiléir chomhsheasmhach do leanaí agus do theaghlaigh a dteastaíonn tacaíocht teaghlaigh spriocdhírithe uathu, i gcás ina bhfuil riachtanais chasta ag leanbh nó ábhair imní maidir le díobháil atá ag teacht chun cinn. | Ceannasaí:<br>Tusla | Beidh cinntí deiridh i bhfeidhm maidir le creat don doras tosaigh leathnaithe agus comhtháthú na conaire tacaíochta teaghlaigh agus déanfar iad a ionchorprú i bplean feidhmithe laistigh den chlár foriomlán um athchóiriú cleachtais. | Forbrófar tograí maidir le sásra scagtha don chonair freagartha tacaíochta teaghlaigh. Breithneofar iad sin i gcomhthéacs scrúdú a dhéanamh ar chonairí atá dírithe ar rochtain ar gach conair thacaíochta laistigh den chlár foriomlán um athchóiriú cleachtais a fheabhsú. | Molfar uirlis mheasúnaithe agus idirghabhála do theaghlaigh a bhfuil riachtanais chasta tacaíochta teaghlaigh acu d'fhonn í a ionchorprú laistigh den chlár foriomlán um athchóiriú cleachtais. | Moltaí soiléire maidir leis an gconair tacaíochta teaghlaigh comhaontaithe laistigh den phróiseas foriomlán athchóirithe cleachtais. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail chun an t-ábhar agus na hacmhainní praiticiúla riachtanacha a chur ar fáil do leanaí chun forbairt dhearfach a spreagadh sna luathbhlianta[3].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.1**<br>**Ag tógáil ar an gcóras tacaíochtaí atá ann cheana féin, athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chun ioncam teaghlach a bhfuil leanaí óga acu a uasmhéadú, agus béim ar leith á chur ar leanaí atá i mbaol bochtaineachta.** | A.3.1.4.<br>Céimeanna a ghlacadh chun feasacht a mhéadú ar an bhfíric go bhfuil Íocaíochtaí Riachtanas Breise ar fáil do dhaoine a bhfuil cruatan airgeadais orthu chun cabhrú le costais ar leith, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le breith naíonáin. | Ceannasaí:<br>RCS | Feasacht níos fearr i measc an phobail agus gairmithe atá ag obair le tuismitheoirí nua maidir le hÍocaíochtaí Riachtanas Breise a bheith ar fáil. | N/B | Bearta glactha chun feasacht a ardú maidir le hÍocaíochtaí Riachtanas Breise a bheith ar fáil chun cuidiú le daoine a bhfuil costais acu a bhaineann le naíonán nua. | N/B |
| | A.3.1.5.<br>Cuimsiú agus rannpháirtíocht naíonán agus leanaí óga sa saol cultúrtha agus sna healaíona a chur chun cinn. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br>Comhpháirtithe:<br>RTCEGSM, RO, An Chomhairle Ealaíon | Acmhainní chun tacú leis na healaíona cruthaitheacha in FCLÓ agus CLAS. | Múscailt feasachta agus cleachtadh a dhéanamh ar imeachtaí líonraithe a roinnt. | Ríomhfhoghlaim Tosaigh a Fhorbairt d'Oideoirí agus d'Ealaíontóirí.<br>Foilsiú na bPrionsabal maidir le Páirt a Ghlacadh sna hEalaíona in FCLÓ.<br>Príomhshruthú na nEalaíon i scéim FCLÓ/ CLAS. | Acmhainní a fhorbairt chun tacú leis na healaíona cruthaitheacha in FCLÓ agus CLAS. |

3 Tabhair faoi deara, go mb'fhéidir nach rithfeadh uimhreacha gníomhaíochta in ord seicheamhach toisc gur bogadh roinnt gníomhartha go hÉire Óg nó gur dúnadh iad. Féach Aguisíní A agus B le haghaidh tuilleadh sonraí.

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail chun an t-ábhar agus na hacmhainní praiticiúla riachtanacha a chur ar fáil do leanaí chun forbairt dhearfach a spreagadh sna luathbhlianta.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.3**<br><br>**A chinntiú go dtabharfar aird ar riachtanais agus ar chearta naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair fhisiciúil agus shóisialta le go dtacófar le luathfhorbairt dhearfach na leanaí sna ceantair ina mbéarfar iad agus ina bhfásfaidh siad aníos.** | A.3.3.2.<br><br>Na céimeanna is gá a ghlacadh chun beartas nua náisiúnta súgartha a bhunú. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ | Dréachtbheartas súgartha agus áineasa. | Athbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta maidir le súgradh poiblí agus soláthar áineasa a choimisiúnú. | Grúpa oibre inmheánach a bhunú. | Dréachtbheartas súgartha agus áineasa. |

# SPRIOC A

## Teaghlaigh agus pobail láidre agus thacúla

# CUSPÓIR 3

## Tacófar le teaghlaigh agus le pobail chun an t-ábhar agus na hacmhainní praiticiúla riachtanacha a chur ar fáil do leanaí chun forbairt dhearfach a spreagadh sna luathbhlianta.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.3**<br><br>**A chinntiú go dtabharfar aird ar riachtanais agus ar chearta naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair fhisiciúil agus shóisialta le go dtacófar le luathfhorbairt dhearfach na leanaí sna ceantair ina mbéarfar iad agus ina bhfásfaidh siad aníos.** | A.3.3.3.<br><br>Infheistiú i leabharlanna mar mhoil phobail, ar fud na tíre, le béim ar leith ar leanaí óga agus ar a dtuismitheoirí (grúpaí tuismitheoirí agus leanaí, ábhair do thuismitheoirí, forbairt rannóga leanaí), ag teacht le feidhmiú na straitéise nua leabharlainne. | Ceannasaí:<br>RFTP<br><br>Comhpháirtithe:<br>RLCMLÓ, Údaráis Áitiúla, Forbairt Leabharlanna, GBRÁ | Forbairt iomlán a dhéanamh ar thionscnamh Leabharlann Bheag Na Chéad 5 a thacaíonn le gach leanbh faoi bhun 6 bliana d'aois a bheith ina mbaill leabharlainne, bunaithe ar mheasúnú bunaithe ar fhianaise. | Limistéir do leanaí agus do theaghlaigh a bheith ar fáil i leabharlanna nua chun tacú leis an straitéis nua leabharlainne.<br><br>Clár Mo Mhála Bheag Leabharlainne 2023 a chur ar fáil do leanaí 4 agus 5 bliana d'aois ag tosú ar scoil.<br><br>Leabhar Beag na Leabharlainne Bige ag Am Codlata a chur ar fáil do leanaí 0-4 bliana d'aois.<br><br>Seoladh seirbhísí leabharlainne chun tacú le hOideoirí Luathbhlianta (seirbhís Leabharlainne 10 POINT). | Limistéir do leanaí agus do theaghlaigh a bheith ar fáil i leabharlanna nua chun tacú leis an straitéis nua leabharlainne.<br><br>Tograí costáilte forbartha chun Clár na Leabharlainne Bige a chur ar fáil.<br><br>Treoirthionscnaimh a chur ar fáil faoin gCiste Leanaí arna leithdháileadh ag an gCiste Árais Máithreacha Naíonán:<br><br>i) tionscnamh atá dírithe ar phríosúin chun tacú le tuismitheoirí atá faoi chúram agus lena leanaí an léitheoireacht a chomhroinnt agus a spreagadh; agus<br><br>ii) tionscnamh pobalbhunaithe chun tacú le tuismitheoirí a bhfuil drogall orthu rudaí a léamh éirí níos muiníní agus iad ag cleachtadh na léitheoireachta lena leanaí óga go rialta. | Limistéir do leanaí agus do theaghlaigh a bheith ar fáil i leabharlanna nua chun tacú leis an straitéis nua leabharlainne.<br><br>Tús a chur le feidhmiú céimneach náisiúnta Chlár na Leabharlainne Bige faoi réir phróiseas buiséid agus meastachán 2025 agus forbairtí in 2025.<br><br>Athbhreithniú ar threoirthionscnaimh chun paraiméadair ratha, samhlacha / eiseamláirí a aithint le haghaidh macasamhlú féideartha. |

# SPRIOC B
# SLÁINTE BHARRMHAITH FHISICIÚIL AGUS MHEABHRACH



# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun páirt a ghlacadh in iompar dearfach sláinte i measc naíonán agus leanaí óga agus é a chur chun cinn, ag tosú ón tréimhse réamhchoimpeartha[4].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.1**<br><br>**Tacú le dea-iompar sláinte i measc mná atá ag iompar clainne, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach, agus an dea-iompar sin a chur chun cinn.** | B.4.1.1.<br><br>Rátaí um beathú cíche a mhéadú (i dtreo an spriocráta do bheathú cíche a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Beathú Cíche, i.e. méadú bliantúil 2% ar rátaí ré beathú cíche) trí thacaíochtaí um beathú naíonán éagsúla a sholáthar, aghaidh a thabhairt ar mhargaíocht foirmle bainne tráchtála, agus feasacht a chruthú maidir le beathú naíonán in earnálacha oideachais, i bpobail agus in údaráis áitiúla.<br><br>Chun an sprioc seo a bhaint amach:<br>a) gníomhartha atá fós gan réiteach ó phlean gníomhaíochta um beathú cíche FSS 2016-2021 a chur chun cinn.<br>b) speisialtóirí cliniciúla, tacaíocht agus foireann piaraí a sholáthar in ospidéil chúraim phríomhúil agus mháithreachais araon, chun díriú ar mháithreacha ar lú an seans go mbeidh a leanbh á bheathú le cíoch. | Ceannasaí:<br>FSS<br><br>Comhpháirtithe:<br>RS | Méadú ar rátaí na mban a bheathaíonn leanbh le cíoch fós i bhfeidhm. | Tús curtha le hathbhreithniú ar phlean feidhmithe um beathú cíche FSS. | Tús curtha le suirbhé ar bheathú naíonán uile-Éireann chun tuiscint a fháil ar iompar agus dearcthaí reatha.<br><br>Clár náisiúnta oideachais um beathú naíonán curtha ar fáil ar fud na tíre.<br><br>Polasaithe/treoirlínte cliniciúla maidir le beathú naíonán nuashonraithe. | Leanadh leis an suirbhé uile-Éireann ar bheathú naíonán.<br><br>Méadú ar líon na gclár fochéime agus iarchéime 3ú leibhéal a bhfuil oideachas ar bheathú cíche ina gcuraclam agus, nuair is cuí, glacadh leis an gclár nuashonraithe oideachais ar bheathú naíonán. |

4 Tabhair faoi deara, go mb'fhéidir nach rithfeadh uimhreacha gníomhaíochta in ord seicheamhach toisc gur bogadh roinnt gníomhartha go hÉire Óg nó gur dúnadh iad. Féach Aguisíní A agus B le haghaidh tuilleadh sonraí.

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun páirt a ghlacadh in iompar dearfach sláinte i measc naíonán agus leanaí óga agus é a chur chun cinn, ag tosú ón tréimhse réamhchoimpeartha.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.1**<br><br>**Tacú le dea-iompar sláinte i measc mná atá ag iompar clainne, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach, agus an dea-iompar sin a chur chun cinn.** | B.4.1.2.<br><br>Feabhas a chur ar thacaíocht do thuismitheoirí faoi naíonán a bhaint den chíoch tríd an gClár Náisiúnta um Óige Shláintiúil. | Ceannasaí:<br>FSS<br><br>Comhpháirtithe:<br>RS | Tacaíochtaí maidir le naíonán a bhaint den chíoch a bheith curtha ar fáil do gach tuismitheoir. | Cur chuige caighdeánaithe a mheas agus a fhorbairt maidir le ceardlanna faoi naíonáin a bhaint den chíoch, agus acmhainní tacaíochta, a chur ar fáil. | Ábhar físe ar naíonáin a bhaint den chíoch a tháirgeadh agus a scaipeadh ar MyChild.ie.<br><br>Ceardlanna caighdeánaithe faoi naíonáin a bhaint den chíoch a dhearadh, a thriail agus a bheachtú, lena n-áirítear oiliúint atá le cur ar fáil ag Cleachtóirí Cúraim Sláinte. | An cur chuige caighdeánaithe náisiúnta comhaontaithe a chur i bhfeidhm maidir le ceardlanna faoi naíonáin a bhaint den chíoch a chur ar fáil. |
| | B.4.1.3.<br><br>Rochtain a sholáthar ar phleanáil chuimsitheach teaghlaigh agus ar sheirbhísí cúraim sláinte atáirgthe, lena n-áirítear faisnéis agus comhairle do dhaoine atá ag smaoineamh ar thoircheas (e.g. scor tobac), agus feachtas faisnéise náisiúnta a chur i gcrích chun an tábhacht a bhaineann le sláinte réamhchoimpeartha a chur chun cinn. | Ceannasaí:<br>RS<br><br>Comhpháirtithe:<br>FSS | Cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise Náisiúnta Máithreachais, mar atá leagtha amach sa phlean feidhmithe gaolmhar. | Cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise Náisiúnta Máithreachais, mar atá leagtha amach sa phlean feidhmithe gaolmhar.<br><br>Déanfar garspriocanna a chinneadh trí dhul chun cinn na Straitéise agus tabharfar tuairisc orthu i dTuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme amach anseo. | Cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise Náisiúnta Máithreachais, mar atá leagtha amach sa phlean feidhmithe gaolmhar.<br><br>Déanfar garspriocanna a chinneadh trí dhul chun cinn na Straitéise agus tabharfar tuairisc orthu i dTuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme amach anseo. | Cur i bhfeidhm leanúnach na Straitéise Náisiúnta Máithreachais, mar atá leagtha amach sa phlean feidhmithe gaolmhar.<br><br>Déanfar garspriocanna a chinneadh trí dhul chun cinn na Straitéise agus tabharfar tuairisc orthu i dTuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme amach anseo. |
| | B.4.1.4.<br><br>Sásraí a fhorbairt chun iontógáil d'aigéad fólach a fheabhsú i measc na mban go léir in aois atáirgthe. | Ceannasaí:<br>RS<br><br>Comhpháirtithe:<br>FSS, Safefood | Déanfaidh an Príomh-Oifigeach Leighis measúnú ar an moladh foirtiliú plúir le haigéad fólach a chur i bhfeidhm in Éirinn, agus é mar aidhm aige minicíocht na bhfabhtanna néarfheadáin a laghdú. | Athbhreithniú ar Ghlacadh le hAigéad Fólach agus ar mhinicíocht na bhfabhtanna néarfheadáin (FNanna). | FSS le Páipéar Soláthair a chur isteach. | RS le Páipéar Soláthair a chur i bhfeidhm. |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun páirt a ghlacadh in iompar dearfach sláinte i measc naíonán agus leanaí óga agus é a chur chun cinn, ag tosú ón tréimhse réamhchoimpeartha.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.1**<br><br>**Tacú le dea-iompar sláinte i measc mná atá ag iompar clainne, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach, agus an dea-iompar sin a chur chun cinn.** | B.4.1.6.<br><br>Treoirlínte a fhorbairt, a fhoilsiú agus a scaipeadh le tacaíochtaí feidhmithe maidir le hiompar sláinte do naíonáin agus do leanaí óga, lena n-áirítear:<br><br>a) Treoirlínte maidir le Bia Sláintiúil do leanaí 1-5 bliana d'aois,<br>b) Treoirlínte do Ghníomhaíocht Choirp don Luath-Óige agus Treoirlínte maidir le hIompar Neamhghníomhach, lena n-áirítear Treoirlínte maidir le hAm Scáileáin don Luath-Óige,<br>c) Treoirlínte maidir le Sláinte Bhéil, lena n-áirítear Cuairteanna Fiaclóirí agus Úsáid an Taois Fiacla sa Luath-Óige. | Ceannasaí:<br>An Roinn Sláinte agus FSS<br><br>Comhpháirtithe:<br>Safefood | Treoirlínte maidir le hiompar sláintiúil do naíonáin agus do leanaí óga. | Foilsíodh Treoirlínte maidir le Bia Sláintiúil do leanaí idir 1-5 bliana d'aois. | Treoirlínte Náisiúnta nuashonraithe maidir le Gníomhaíocht Choirp d'Éirinn a fhoilsiú.<br><br>Féach B.5.1.9. Treoirlínte maidir le Sláinte Béil. | Féach B.5.1.9. Treoirlínte maidir le Sláinte Béil. |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun páirt a ghlacadh in iompar dearfach sláinte i measc naíonán agus leanaí óga agus é a chur chun cinn, ag tosú ón tréimhse réamhchoimpeartha.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.1**<br><br>**Tacú le dea-iompar sláinte i measc mná atá ag iompar clainne, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach, agus an dea-iompar sin a chur chun cinn.** | B.4.1.7.<br><br>An plean náisiúnta um chosc ar ailse chraicinn a chur i bhfeidhm, le naíonáin agus leanaí óga aitheanta mar ghrúpa tosaíochta. | Ceannasaí:<br>FSS/CNRA<br><br>Comhpháirtithe:<br>RS, RLCMLÓ, Grúpa Feidhmithe na bPáirtithe Leasmhara | Feidhmiú Chéim 2 den Phlean Náisiúnta um Chosc ar Ailse Chraicinn (2023-2026). | Seoladh Chéim 2 den Phlean Náisiúnta um Chosc ar Ailse Chraicinn (2023-2026).<br><br>An CNRA a ailíniú leis an RLCMLÓ agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go ndéantar teachtaireachtaí ailse craicinn a ionchorprú i dtreoirthionscnaimh agus i dtionscadail ábhartha e.g. Beart Naíonáin.<br><br>Tá sábháilteacht ghréine laistigh de threoir maidir le maoiniú caipitil do FCLÓ/CLAS, agus scáth nádúrtha agus struchtúrach ceadaithe laistigh de chaiteachas incháilithe.<br><br>Cuirfidh CNRA leis an athbhreithniú ar Aistear lena chinntiú go gcuirfear teachtaireachtaí ailse craicinn isteach sa chreat athbhreithnithe.<br><br>Leanfar leis an bhfeachtas SunSmart in 2023. | Comhairliúchán le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le grúpaí tuismitheoirí maidir le hacmhainní cosanta craicinn a fhorbairt agus a chur chun cinn do naíonáin agus do leanaí.<br><br>Téigh i dteagmháil le socrú FCLÓ (CCCLanna agus an clár Tús Níos Fearr) chun teachtaireachtaí agus comhairle atá cothrom le dáta a chur in iúl maidir le cosaint an chraicinn.<br><br>Lean feachtas SunSmart ar aghaidh in 2024. | Acmhainní do naíonáin agus do leanaí le forbairt bunaithe ar thorthaí ón gcomhairliúchán le tuismitheoirí.<br><br>Téigh i dteagmháil le socruithe FCLÓ chun teachtaireachtaí agus comhairle atá cothrom le dáta, faoi chosaint an chraicinn, a chur in iúl.<br><br>Leantar leis an bhfeachtas SunSmart in 2025. |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun páirt a ghlacadh in iompar dearfach sláinte i measc naíonán agus leanaí óga agus é a chur chun cinn, ag tosú ón tréimhse réamhchoimpeartha.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.1**<br>**Tacú le dea-iompar sláinte i measc mná atá ag iompar clainne, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach, agus an dea-iompar sin a chur chun cinn.** | B.4.1.8.<br>Beartas a fhorbairt a bhaineann le srian a chur ar mhargú bianna agus deochanna is ábhar imní don phobal maidir le leasanna sláinte poiblí ginearálta leanaí agus oibriú le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, le Coimisiún na Meán agus le príomhpháirtithe leasmhara eile chun tacú le feidhmiú an bheartais sin, lena n-áirítear, mar shampla, seirbhísí ábhartha meán agus cóid sábháilteachta ar líne a fhorbairt mar a fhoráiltear faoi ailt 46N(7) agus 139K(5) den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2023. | Ceannasaí:<br>RS<br>Comhpháirtithe:<br>RTCEGSM, RLCMLÓ, RTBM, ÚSBÉ, Coimisiún na Meán | Forbairt beartais a chur chun cinn lena chur chun feidhme trí sheirbhís ábhartha meán agus cóid sábháilteachta ar líne, i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir. | N/B | Forbairt beartais a chur chun cinn i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir. | Forbairt beartais a chur chun cinn lena chur chun feidhme trí sheirbhís ábhartha meán agus cóid sábháilteachta ar líne, i gcomhairle leis na príomhpháirtithe leasmhara go léir. |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun páirt a ghlacadh in iompar dearfach sláinte i measc naíonán agus leanaí óga agus é a chur chun cinn, ag tosú ón tréimhse réamhchoimpeartha.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.2**<br><br>**Tacaíochtaí agus seirbhísí maidir le hiompar sláinte a chomhcheangail le seirbhísí a fhreastalaíonn ar leanaí, agus leis an bpobal i gcoitinne.** | B.4.2.1.<br><br>Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar an gClár Tús Cliste Éire na Sláinte (TCÉS) a chur ar fáil, ag obair le suíomhanna FCLÓ chun tacú le forbairt sláinte agus folláine leanaí, tríd an gClár seo a leathnú de réir a chéile chuig gach suíomh FCLÓ. | Ceannasaí:<br>FSS<br><br>Comhpháirtithe:<br>RS, RLCMLÓ | Clár ríomhfhoghlama TCÉS a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach go náisiúnta. | Athfhorbairt a dhéanamh ar chlár TCÉS don fhoghlaim ar líne.<br><br>Próiseas tairisceana críochnaithe le haghaidh clár ríomhfhoghlama TCÉS do FCLÓ a chlúdaíonn 0-6 bliana. | Clár ríomhfhoghlama a fhorbairt d'Oideoirí Luathbhlianta (ag tógáil ar an gclár TCÉS), lena n-áirítear sraith modúl chun tacú le sláinte agus folláine na n-aoisghrúpaí 0-3 agus 3-6, a chuirtear ar fáil tríd an Mol Náisiúnta Foghlama.<br><br>An modúl 'Folláine Mhothúchánach agus Litearthacht' a neartú. Áireofar leis comhrialáil, oideolaíochtaí a chothú, cleachtas eolasach tráma agus aireachas.<br><br>Clár ríomhfhoghlama a fhorbairt d'Oideoirí Luathbhlianta (ag tógáil ar an gclár Tús Cliste Éire na Sláinte), lena n-áirítear sraith modúl chun tacú le sláinte agus folláine na n-aoisghrúpaí 0-3 agus 3-6, a chuirtear ar fáil tríd an gcóras bainistíochta foghlama maidir le Tús Cliste. | Clár ríomhfhoghlama TCÉS a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach go náisiúnta. |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun páirt a ghlacadh in iompar dearfach sláinte i measc naíonán agus leanaí óga agus é a chur chun cinn, ag tosú ón tréimhse réamhchoimpeartha.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.2**<br><br>**Tacaíochtaí agus seirbhísí maidir le hiompar sláinte a chomhcheangail le seirbhísí a fhreastalaíonn ar leanaí, agus leis an bpobal i gcoitinne.** | B.4.2.3.<br><br>Bearta a thabhairt isteach chun aghaidh a thabhairt go sonrach ar bhochtaineacht bia, go háirithe maoiniú spriocdhírithe a sholáthar do bhéilí do leanaí i seirbhísí FCLÓ a fhreastalaíonn ar phobail faoi mhíbhuntáiste, agus measúnú scóipe a dhéanamh ar sholáthar uilíoch do gach seirbhís[26]. | Ceannasaí: RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe: RO, RS, FSS, Tusla, CCCLanna | Gheobhaidh gach seirbhís laistigh den chomhpháirt spriocdhírithe den tSamhail um Rannpháirtíocht Chomhionann maoiniú breise chun soláthar an bhia chothaithigh a fheabhsú.<br><br>RLCMLÓ le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an scéim a leathnú. | N/B | Measúnú scóipe a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir cothaithe bhreise ar sheirbhísí spriocdhírithe SuRC. | Measúnú scóipe a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir cothaithe bhreise ar gach seirbhís.<br><br>Clár Cothaithe Breise a chur i bhfeidhm ar gach seirbhís a ndíríonn SuRC orthu, faoi réir forbairtí in 2024. |
| | B.4.2.4.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar na concluidí agus torthaí féideartha atá leagtha amach i dTreoirthuarascáil Chéim 2 den Scéim Bainne Scoile. | Ceannasaí: RTBM<br><br>Comhpháirtithe: RLCMLÓ, RO, RS, An Chomhairle Náisiúnta Déiríochta, Tusla, CCCLanna | Athbhreithniú ar an scéim bainne scoile, agus torthaí treoir-mheastóireachtaí á gcur san áireamh. | Scrúdú ar an tuarascáil mheastóireachta ar an treoirscéim bainne scoile is déanaí a bhí ar siúl i réamhscoileanna uirbeacha in 2022. | Déanfaidh an RTBM athbhreithniú ar straitéis na scéimeanna scoile in Éirinn in 2024. Cuirfear torthaí na dtreoir-thuarascálacha san áireamh san athbhreithniú sin i gcomhar le meastóireachtaí eile. | Pléifidh an RTBM an próiseas athbhreithnithe, na conclúidí agus na torthaí féideartha.<br><br>Comhairliúchán le páirtithe leasmhara. |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun páirt a ghlacadh in iompar dearfach sláinte i measc naíonán agus leanaí óga agus é a chur chun cinn, ag tosú ón tréimhse réamhchoimpeartha.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.2**<br>**Tacaíochtaí agus seirbhísí maidir le hiompar sláinte a chomhcheangail le seirbhísí a fhreastalaíonn ar leanaí, agus leis an bpobal i gcoitinne.** | B.4.2.5.<br>Caighdeáin Náisiúnta Bia do Shuíomhanna FCLÓ a fhorbairt agus a fhoilsiú, lena n-áirítear foireann uirlisí lena bhfeidhmiú. | Ceannasaí:<br>RS<br>Comhpháirtithe:<br>FSS, RLCMLÓ, Tusla | Clár Cothaithe Breise a Fhorbairt. | Caighdeáin Náisiúnta Bia do FCLÓ forbartha agus triailte i 9 suíomh.<br>Seimineár gréasáin ar úsáid na gCaighdeán Náisiúnta Bia curtha i gcrích ag Safefood i mí an Mheithimh 2023.<br>Bileog bosca lóin chun oideachas a chur ar thuismitheoirí maidir le roghanna oiriúnacha bia in FCLÓnna. | Tuarascáil mheastóireachta ar an dtreoirchlár le cur i gcrích faoi dheireadh na bliana. | Tacú le forbairt an Chláir Cothaithe Bhreise trí thacaíochtaí agus acmhainní a fhorbairt d'oideoirí i gcomhar leis an RLCMLÓ agus Safefood. |
| **4.3**<br>**Sábháilteacht leanaí a chur chun cinn agus gortuithe neamhbheartaithe do naíonáin agus do leanaí óga a chosc.** | B.4.3.1.<br>Cur leis an gClár nuashonraithe um Shábháilteacht Leanaí trí na nithe seo a leanas:<br>a) A chinntiú go gcomhtháthaítear teachtaireachtaí sábháilteachta leanaí i ngach suíomh FCLÓ (agus CLAS) agus i suíomhanna pobail níos leithne.<br>b) Béim a leagan ar rioscaí sábháilteachta atá ag teacht chun cinn trí Mychild.ie agus sruthanna ábhartha ar na meáin shóisialta.<br>c) Treoir a chur ar fáil, lena n-áirítear deiseanna ríomhfhoghlama, chun cabhrú le hoideachas a chur ar chúramóirí agus ar phobail maidir le gortú leanaí a chosc. | Ceannasaí:<br>FSS<br>Comhpháirtithe:<br>RS, RLCMLÓ, Tusla, Ionad Náisiúnta Faisnéise Nimheanna na hÉireann, CICT (An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí) | Feidhmiú an Chláir um Shábháilteacht Leanaí i suíomhanna FCLÓ.<br>Tá rochtain ag gach tuismitheoir agus cúramóir ar eolas agus acmhainní, atá cothrom le dáta, maidir le sábháilteacht leanaí.<br>Feachtais feasachta CNCCS FSS<br>curtha ar fáil de réir mar is cuí i gcomhréir le fianaise atá ag teacht chun cinn maidir le rioscaí sábháilteachta leanaí. | Treoir maidir le Plandaí Tocsaineachta Ísle agus Treoir maidir le Plandaí Tocsaineacha a fhorbairt, chun cabhrú leo siúd i Suíomhanna FCLÓ chun a chinntiú go bhfuil spásanna taobh amuigh FCLÓ oiriúnach do leanaí.<br>Rannpháirtíocht FSS le CICT chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní tomhaltóirí maidir le sábháilteacht táirgí. | Seicliosta sábháilteachta leanaí a fhorbairt agus treoir tacaíochta do shuíomhanna FCLÓ. | Cairt bhalla Sábháilteachta Leanaí (garchabhair bhunúsach san áireamh) a fhorbairt do shuíomhanna FCLÓ, ag tógáil ar Acmhainní Sábháilteachta Leanaí CNCCS. |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 4

## Tacófar le tuismitheoirí, teaghlaigh agus pobail chun páirt a ghlacadh in iompar dearfach sláinte i measc naíonán agus leanaí óga agus é a chur chun cinn, ag tosú ón tréimhse réamhchoimpeartha.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.3**<br><br>**Sábháilteacht leanaí a chur chun cinn agus gortuithe neamhbheartaithe do naíonáin agus do leanaí óga a chosc.** | B.4.3.3.<br><br>An clár Rothairín Reatha a chur i bhfeidhm chun scileanna rothaíochta a thabhairt isteach d'aoisghrúpaí réamhscoile agus naíonán sóisearach/sinsearach (2-5 bliana d'aois). | Ceannasaí: Rothaíocht Éireann | An clár Rothairín Reatha a chur i bhfeidhm chun scileanna rothaíochta a thabhairt isteach d'aoisghrúpaí réamhscoile agus naíonán sóisearach/ sinsearach.<br><br>Meastóireacht curtha i gcrích le haghaidh méadú leanúnach. | 57 clár Rothairín Reatha le 684 rannpháirtí a chur ar fáil i scoileanna CDSS.<br><br>10 bhForbróir Oide oilte le haghaidh soláthar cúrsa, ag súil le seoladh an chláir.<br><br>Cúrsa Oiliúna Rothairín Reatha a sheoladh go hoifigiúil.<br><br>Deiseanna oiliúna agus oideachais a chur ar fáil do sholáthraithe uasoiliúna chun an clár Rothairín Reatha a chur ar fáil – cúrsa oiliúna amháin in aghaidh an chúige. | An clár Rothairín Reatha a chur chun cinn do gach eagraíocht chomhpháirtíochta trí raon bealaí cumarsáide.<br><br>Maoiniú riachtanach a fháil agus urraitheoirí féideartha a aimsiú chun tacú le soláthraithe (oiliúint, trealamh a fhoinsiú) agus an clár Rothairín Reatha á chur i bhfeidhm. | Athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chlár Rothairín Reatha agus an cumas uasoiliúna ar fáil. |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 5

## Rochtain a bheith ag naíonáin agus ag leanaí óga ar sheirbhísí cúraim sláinte comhtháite bunscoile, coisctheacha agus speisialaithe atá sábháilte, ar ardchaighdeán, agus bunaithe ar fhianaise[5].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **5.1**<br><br>**Tacú le cur i bhfeidhm, leathnú agus feabhsú an Chláir Náisiúnta um Óige Shláintiúil agus acmhainní a chur ar fáil dó chun a chinntiú go dtugann sé aghaidh níos fearr ar riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, agus é cumasaithe ag lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.1.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar ábhar agus ar scóip na Scéime um Chúram Máithreachais agus Naíonán, caighdeánú a dhéanamh ar an tseiceáil iarbhreithe sé seachtaine don mháthair agus ar sheiceáil sé seachtaine an naíonáin (mar chuid den Scrúdú Cliniciúil Nuabheirthe) agus breithniú a dhéanamh ar chlúdach na Scéime seo a leathnú chun comhairliúchán réamhchoimpeartha agus seiceáil iarbhreithe thar shé seachtaine ar an máthair a chur san áireamh. | Ceannasaí:<br>FSS<br><br>Comhpháirtithe:<br>RS | Measúnú scóipe ar an Scéim um Chúram Máithreachais agus Naíonán a chríochnú agus garspriocanna breise a fhorbairt. | Cleachtadh ar bun faoi láthair ar stádas agus ar scóip na Scéime um Chúram Máithreachais agus Naíonán. | Garspriocanna eile le cinneadh tar éis an mheasúnaithe scóipe atá ar siúl faoi láthair. | Garspriocanna eile le cinneadh tar éis an mheasúnaithe scóipe atá ar siúl faoi láthair. |
| | B.5.1.2.<br><br>De réir mar a cheadaíonn acmhainní, cuairt réamhbhreithe an Altra Sláinte Poiblí a chur ar fáil níos forleithne do mháithreacha atá ag iompar clainne, de réir riachtanais. | Ceannasaí:<br>FSS<br><br>Comhpháirtithe:<br>RS | Tá Gníomh B.5.1.2. fós ina mholadh den Chreat Náisiúnta um Chlár na hÓige Sláintiúla agus is príomhghníomh i gcónaí é faoi shaolré fhoriomlán Straitéis Na Chéad 5. Déanfar é a chur chun cinn i gCéim 2 tríd an obair a dhéanfar faoi ghníomh D.3.A.1. mar chuid den lucht saothair tiomnaithe um shláinte leanaí. Táthar ag súil go mbeifear in ann, faoi Chéim 3, cuairt réamhbhreithe an Altra Sláinte Poiblí a chur ar fáil níos forleithne do mháithreacha atá ag iompar clainne, de réir riachtanais. | | | |

5 Tabhair faoi deara, go mb'fhéidir nach rithfeadh uimhreacha gníomhaíochta in ord seicheamhach toisc gur bogadh roinnt gníomhartha go hÉire Óg nó gur dúnadh iad. Féach Aguisíní A agus B le haghaidh tuilleadh sonraí.

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 5

## Rochtain a bheith ag naíonáin agus ag leanaí óga ar sheirbhísí cúraim sláinte comhtháite bunscoile, coisctheacha agus speisialaithe atá sábháilte, ar ardchaighdeán, agus bunaithe ar fhianaise.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **5.1**<br><br>**Tacú le cur i bhfeidhm, leathnú agus feabhsú an Chláir Náisiúnta um Óige Shláintiúil agus acmhainní a chur ar fáil dó chun a chinntiú go dtugann sé aghaidh níos fearr ar riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, agus é cumasaithe ag lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.3.<br><br>Úsáid cúraim réamhbhreithe a mhéadú sa chéad ráithe, go háirithe i measc grúpaí leochaileacha. | Ceannasaí:<br>FSS<br><br>Comhpháirtithe:<br>RS | Tacaíochtaí breise a bheith curtha ar fáil do mhná torracha ó ghrúpaí leochaileacha, faoi mhíbhuntáiste nó ó mhionlaigh eitneacha. | Acmhainní faisnéise forbartha agus curtha i bhfeidhm i seirbhísí chun tacú le mná torracha Romacha lena n-áirítear acmhainní ar líne agus leabhrán dátheangach Roma Daja sa Rómáinis, sa tSeicis agus sa tSlóvaicis.<br><br>Cnáimhseacha um Chuimsiú Sóisialta ceaptha ar aonaid mháithreachais. | Déanfar garspriocanna a chinneadh trí dhul chun cinn na Straitéise Náisiúnta Máithreachais agus tabharfar tuairisc orthu i dTuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme amach anseo. | Déanfar garspriocanna a chinneadh trí dhul chun cinn na Straitéise Náisiúnta Máithreachais agus déanfar iad a thuairisciú i dTuarascálacha Bliantúla ar Chur Chun Feidhme amach anseo. |
| | B.5.1.4.<br><br>Glacadh níos fearr le vacsaíní COVID-19, fliú agus treacha le linn toirchis. | Ceannasaí:<br>RS agus FSS | Plean gníomhaíochta maidir le glacadh vacsaínithe le linn toirchis. | Tuairisciú feabhsaithe ar ghlacadh vacsaínithe i dToircheas le haghaidh COVID-19, an fhliú agus an treacha.<br><br>Tá vacsaíní COVID-19 agus fliú taifeadta anois ar COVAX.<br><br>Tuairiscítear triuch trí íocaíochtaí dochtúirí teaghlaigh le SIACP. | Suirbhé náisiúnta ar dhearcadh na mban torrach i leith vacsaínithe. | Príomhghníomhartha a chur i bhfeidhm mar thoradh ar anailís an tsuirbhé chun glacadh a fheabhsú (bunaithe ar dhea-chleachtas agus caighdeáin idirnáisiúnta). |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 5

## Rochtain a bheith ag naíonáin agus ag leanaí óga ar sheirbhísí cúraim sláinte comhtháite bunscoile, coisctheacha agus speisialaithe atá sábháilte, ar ardchaighdeán, agus bunaithe ar fhianaise.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **5.1**<br><br>**Tacú le cur i bhfeidhm, leathnú agus feabhsú an Chláir Náisiúnta um Óige Shláintiúil agus acmhainní a chur ar fáil dó chun a chinntiú go dtugann sé aghaidh níos fearr ar riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, agus é cumasaithe ag lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.5.<br><br>Feabhas a chur ar sceideal na n-imdhíontaí a chuirtear ar fáil faoin gClár Imdhíonta Bunscoile (CIB) i gcomhréir le dea-chleachtas idirnáisiúnta agus le moltaí ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh, agus leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn i dtreo na sprice náisiúnta de ghlacadh 95% sa CIB, ag baint amach comhsheasmhacht níos fearr maidir le glacadh ar fud na tíre. | Ceannasaí:<br>RS agus FSS | Leanúint ar aghaidh ag pleanáil chun Córas Faisnéise Náisiúnta Imdhíonta a sholáthar agus a chur i bhfeidhm má cheadaítear agus má mhaoinítear é. | Cumarsáid in 2023 chun iarraidh ar thuismitheoirí a leanaí a vacsaíniú in am agus breith suas ar vacsaíní a cailleadh mar gheall ar COVID-19.<br><br>Coiste Náisiúnta um Maoirseacht ar Imdhíonadh curtha ar bun agus fiosrú déanta ar na cúiseanna leis an laghdú ar an nglacadh agus ar bhealaí chun feabhas a chur air.<br><br>Feachtais reáchtáilte i mí Iúil agus i mí Lúnasa chun clár CIB agus beir suas MMR a chur chun cinn. | Sceideal nua CIB le tabhairt isteach. | Leanúint ar aghaidh ag pleanáil chun Córas Faisnéise Náisiúnta Imdhíonta a sholáthar agus a chur i bhfeidhm má cheadaítear agus má mhaoinítear é. |
| | B.5.1.6.<br><br>Glacadh an chárta cuairte dochtúra teaghlaigh saor in aisce a thomhas do leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois, lena n-áirítear athbhreithniú ar ghlacadh na Measúnuithe Tréimhsiúla ag a dó agus a cúig, agus gníomhartha a chur i bhfeidhm chun glacadh a mhéadú más gá. | Ceannasaí:<br>RS agus FSS | Glacadh méadaithe le Measúnuithe Tréimhsiúla ag dhá bhliain agus cúig bliana. | Iniúchadh a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe feabhsaithe dochtúra teaghlaigh le haghaidh measúnuithe tréimhsiúla a fhorbairt. | Próiseas tuairiscithe feabhsaithe dochtúra teaghlaigh le haghaidh measúnuithe tréimhsiúla a chur i bhfeidhm más féidir maidir le hacmhainní iomaíocha d'fhorbairt TF. | Tuarascáil ar sholáthar Measúnuithe Tréimhsiúla. (Ag brath ar chóras tuairiscithe TF-bhunaithe). |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 5

## Rochtain a bheith ag naíonáin agus ag leanaí óga ar sheirbhísí cúraim sláinte comhtháite bunscoile, coisctheacha agus speisialaithe atá sábháilte, ar ardchaighdeán, agus bunaithe ar fhianaise.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **5.1**<br><br>**Tacú le cur i bhfeidhm, leathnú agus feabhsú an Chláir Náisiúnta um Óige Shláintiúil agus acmhainní a chur ar fáil dó chun a chinntiú go dtugann sé aghaidh níos fearr ar riachtanais naíonán, leanaí óga agus teaghlach, agus é cumasaithe ag lucht saothair tiomnaithe sláinte leanaí a fhorbairt.** | B.5.1.7.<br><br>Leanúint ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil uainiú agus ábhar an chláir roghnaigh dhiagnóisigh le haghaidh leanaí a bhfuil diospláise fhorbartha chorróige orthu ag teacht leis an mbonn fianaise agus caighdeánaithe ar fud na tíre. | Ceannasaí:<br>RS agus FSS | Tús curtha le feidhmiú an chláir leasaithe DFC. | Leanúint ar aghaidh ag obair le próisis CCNS agus ÚFCS don chlár DFC is fearr is féidir. | Moltaí CCNS maidir leis an gclár DFC is Fearr. | FSS le cur chun feidhme chlár DFC a chur chun cinn i gcomhréir le moltaí CCNS. |
| | B.5.1.9.<br><br>Pacáiste sláinte fiaclóireachta uilíoch a thabhairt isteach do leanaí ó bhreith go seacht mbliana d'aois, le tacaíocht ó chlár scagthástála/faireachais chun díriú ar phríomhaoiseanna agus ar ghrúpaí leochaileacha. | Ceannasaí:<br>RS | Pacáistí coisctheacha do leanaí ó bhreith go seacht mbliana d'aois a chur i bhfeidhm. | Bronnadh maoiniú i mBuiséad 2023 agus tá obair ar bun chun pacáistí cuimsitheacha cúraim sláinte béil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do leanaí ó bhreith go seacht mbliana d'aois. | Leanúint de phacáistí cuimsitheacha cúraim sláinte béil a chur i bhfeidhm do leanaí ó bhreith go seacht mbliana d'aois.<br><br>Athbhreithnithe fianaise sna réimsí seo a leanas tugtha chun críche ag an mBord Taighde Sláinte:<br><br>1. Cosc príomhúil ar cháiréas fiacla (lobhadh fiacla): athbhreithniú fianaise agus<br>2. Athbhreithniú córasach ar thionchar fhluairídiú an uisce pobail ar shláinte bhéil an phobail. | Leanúint de phacáistí nua de chúram sláinte béil a chur i bhfeidhm do leanaí idir 0-7 mbliana d'aois. |

# SPRIOC B

## Sláinte bharrmhaith fhisiciúil agus mheabhrach

# CUSPÓIR 5

## Rochtain a bheith ag naíonáin agus ag leanaí óga ar sheirbhísí cúraim sláinte comhtháite bunscoile, coisctheacha agus speisialaithe atá sábháilte, ar ardchaighdeán, agus bunaithe ar fhianaise.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **8.3**<br><br>**A chinntiú go gcuireann soláthar FCLÓ rannpháirtíocht chun cinn, go neartaíonn sé cuimsiú sóisialta agus go nglacann sé le héagsúlacht trí thacaíochtaí agus seirbhísí breise a chomhtháthú do leanaí agus do theaghlaigh a bhfuil riachtanais bhreise acu.** | C.8.3.2.<br><br>Leanúint ar aghaidh ag cur SRC i bhfeidhm chun cuimsiú iomlán leanaí faoi mhíchumas a chinntiú i suíomhanna a sholáthraíonn an clár uilíoch réamhscoile. SRC a leathnú do leanaí lasmuigh de COLÓ. Tacaíochtaí breise FGL, faisnéise agus comhairleacha a chur ar fáil do sheirbhísí maidir le leanaí a chomhtháthú i seirbhísí príomhshrutha, lena n-áirítear leanaí uathacha. SRC uilíoch a leathnú chun tacaíochtaí níos leithne maidir le cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht shóisialta a chuimsiú i gcomhréir le cuspóirí na samhla um rannpháirtíocht chomhionann. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>RS, RO, FSS, agus comhpháirtithe eile atá le cinneadh tar éis Mheastóireacht SRC | Cuimsiú iomlán leanaí faoi mhíchumas i suíomhanna a sholáthraíonn an clár uilíoch réamhscoile.<br><br>Leathnú ar bhonn céimneach chuig leanaí lasmuigh de COLÓ.<br><br>SRC uilíoch a leathnú chun tacaíochtaí níos leithne maidir le cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht a chuimsiú. | Faoi réir maoiniú a fháil i mBuiséad 2024 le haghaidh leathnú SRC. | Leathnú SRC thar na 3 uair an chloig dá bhforáiltear faoi uaireanta COLÓ.<br><br>Treoir agus oiliúint shonrach a thabhairt isteach maidir le neamhord de chuid speictream an uathachais (NSU).<br><br>Foilsiú Mheastóireacht SRC i Ráithe 1 2024. | Leathnú SRC de réir aoise go 0-3 bliana.<br><br>Soláthar SRC a athbhrandáil agus a athstruchtúrú ag coinneáil a phríomheilimintí ach ag cur SRC uilíoch i láthair go neamh-ordlathach le riachtanais SuRC. |
| | C.8.3.3.<br><br>Measúnú scóipe a dhéanamh ar sholáthar tacaíochtaí teiripeacha áirithe trí oideoirí i suíomhanna FCLÓ faoi mhaoirseacht agus treoir an tsaineolais theiripigh ghairmiúil ábhartha[27]. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>RS, CNOS, FSS, agus comhpháirtithe eile atá fós le socrú | Measúnú scóipe ar sholáthar tacaíochtaí teiripeacha áirithe. | N/B | N/B | Measúnú scóipe a dhéanamh ar sholáthar tacaíochtaí teiripeacha áirithe trí oideoirí i suíomhanna FCLÓ faoi mhaoirseacht agus treoir an tsaineolais theiripigh ghairmiúil. |

# SPRIOC C

## Luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh

# CUSPÓIR 8

## Rochtain a bheith ag naíonáin agus ag leanaí óga ar FCLÓ (agus cúram leanaí d'aois scoile) atá sábháilte, atá ar ardchaighdeán, atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de, agus atá comhtháite, a léiríonn éagsúlacht riachtanais.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **8.3**<br><br>**A chinntiú go gcuireann soláthar FCLÓ rannpháirtíocht chun cinn, go neartaíonn sé cuimsiú sóisialta agus go nglacann sé le héagsúlacht trí thacaíochtaí agus seirbhísí breise a chomhtháthú do leanaí agus do theaghlaigh a bhfuil riachtanais bhreise acu.** | C.8.3.4.<br><br>Athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar urraíochta chun a chinntiú go bhfuil rochtain riachtanach saor in aisce ag leanaí agus teaghlaigh a bhfuil leochaileachtaí sonracha acu (lena n-áirítear stádas dídeanaí, easpa dídine, leas leanaí) ar FCLÓ (agus CLAS) ar ardchaighdeán, agus bearta a dhéanamh chun tacú le soláthar leordhóthanach a bheith ar fáil. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Pobal, RO, RLCMLÓ, FSS, Tusla, Údaráis Áitiúla | Tuilleadh freagraí beartais agus cur chun feidhme a thabhairt isteach ar urraíocht bunaithe ar athbhreithniú ar urraíocht. | An t-athbhreithniú inmheánach ar sholáthar urraíochta SNCL a thabhairt chun críche. | Tuilleadh roghanna beartais a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a ardaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe inmheánaigh ar urraíocht SNCL.<br><br>Reachtaíocht a chur i bhfeidhm chun an méadú go €5.30 san uair ar ráta urraíochta SNCL a chur i bhfeidhm do leanaí os cionn 1 ó Mheán Fómhair 2024. | N/B |
| | C.8.3.5.<br><br>Tríd an tSamhail um Rannpháirtíocht Chomhionann, meascán comhréireach de thacaíochtaí uilíocha agus spriocdhírithe a chur ar fáil do sheirbhísí FCLÓ chun tacú le leanaí agus teaghlaigh atá faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar a gcuid seirbhísí. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Pobal, RO agus comhpháirtithe eile cinneadh ar bhunú grúpa oibre | Meascán comhréireach de thacaíochtaí uilíocha agus spriocdhírithe do sheirbhísí FCLÓ. | Maoiniú faighte i mBuiséad 2024 chun SuRC a thabhairt isteach. | Céim 1 de SuRC a chur i bhfeidhm.<br><br>Raon feidhme chéimeanna 2 agus 3 de SuRC.<br><br>Foilseofar Beartas Straitéiseach SuRC. | Tús a chur le feidhmiú céimneach chéim 2 den SuRC.<br><br>Dearadh Chéim 3 curtha i gcrích. |

# SPRIOC C

## Luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh

# CUSPÓIR 8

## Rochtain a bheith ag naíonáin agus ag leanaí óga ar FCLÓ (agus cúram leanaí d'aois scoile) atá sábháilte, atá ar ardchaighdeán, atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de, agus atá comhtháite, a léiríonn éagsúlacht riachtanais.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **8.3**<br><br>**A chinntiú go gcuireann soláthar FCLÓ rannpháirtíocht chun cinn, go neartaíonn sé cuimsiú sóisialta agus go nglacann sé le héagsúlacht trí thacaíochtaí agus seirbhísí breise a chomhtháthú do leanaí agus do theaghlaigh a bhfuil riachtanais bhreise acu.** | C.8.3.6.<br><br>Sásraí a fhorbairt chun tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil do sholáthar FCLÓ agus CLAS. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>Grúpa Monatóireachta do Ghníomhartha FCLÓ faoin bPlean Gníomhaíochta cúig bliana don Ghaeilge | Plean Cuimsitheach chun forbairt an tsoláthair Ghaeilge in FCLÓ agus CLAS a chur chun cinn. | Soláthar agus tacaíochtaí Gaeilge a mhapáil.<br><br>Comhairliúchán poiblí maidir le plean cuimsitheach a fhorbairt do sholáthar Gaeilge in FCLÓ agus CLAS. | Páipéar taighde a fhoilsiú.<br><br>Plean Cuimsitheach a fhoilsiú chun forbairt an tsoláthair Ghaeilge in FCLÓ agus CLAS a chur chun cinn.<br><br>FGL agus acmhainní a chuirtear ar fáil i nGaeilge.<br><br>Tá cur chun cinn na Gaeilge le feiceáil tríd an obair a dhéantar ar Aistear, creatchuraclam na luath-óige, a nuashonrú. | Leathnú ar an gclár FCÁT in FCLÓ.<br><br>Tacaíochtaí do sholáthar FCLÓ agus CLAS trí mheán na Gaeilge a neartú. |

# SPRIOC C

## Luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh

# CUSPÓIR 8

## Rochtain a bheith ag naíonáin agus ag leanaí óga ar FCLÓ (agus cúram leanaí d'aois scoile) atá sábháilte, atá ar ardchaighdeán, atá oiriúnach ó thaobh na forbartha de, agus atá comhtháite, a léiríonn éagsúlacht riachtanais.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **8.3**<br><br>**A chinntiú go gcuireann soláthar FCLÓ rannpháirtíocht chun cinn, go neartaíonn sé cuimsiú sóisialta agus go nglacann sé le héagsúlacht trí thacaíochtaí agus seirbhísí breise a chomhtháthú do leanaí agus do theaghlaigh a bhfuil riachtanais bhreise acu.** | C.8.3.7.<br><br>Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí i gcomhar le príomhpháirtithe maidir le luach agus tábhacht rannpháirtíocht leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu i suíomhanna príomhshrutha le tacaíochtaí saincheaptha trí SRC. Tabhairt faoi fheachtas cumarsáide chun béim a leagan ar thábhacht na seirbhísí comhtháite cuimsitheacha chun tacú le torthaí leanaí. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>RO, FSS | Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí i gcomhar le príomhpháirtithe maidir le luach agus tábhacht rannpháirtíocht leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu i suíomhanna príomhshrutha le tacaíochtaí saincheaptha trí SRC.<br><br>Straitéis chumarsáide a fhorbairt agus a chur ar fáil chun béim a leagan ar thábhacht na seirbhísí comhtháite cuimsitheacha chun tacú le torthaí leanaí. | N/B | Straitéis chumarsáide a chomhaontú le comhpháirtithe agus tús a chur lena cur ar fáil le chéile.<br><br>Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí i gcomhar le príomhpháirtithe maidir le luach agus tábhacht rannpháirtíocht leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu i suíomhanna príomhshrutha le tacaíochtaí saincheaptha trí SRC. | An straitéis chumarsáide a chur ar fáil go leanúnach.<br><br>Eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí i gcomhar le príomhpháirtithe maidir le luach agus tábhacht rannpháirtíocht leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu i suíomhanna príomhshrutha le tacaíochtaí saincheaptha trí SRC. |

# SPRIOC C

## Luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh

# CUSPÓIR 9

## Tacófar le leanaí agus iad ag aistriú chuig suíomhanna FCLÓ (agus tríothu) agus ar aghaidh chuig an mbunscoil[9].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 9.1<br><br>**Bearta a thabhairt isteach chun faisnéis a mhalartú, ligean do leanaí agus tuismitheoirí a bheith páirteach, agus comhpháirtíochtaí láidre a fhorbairt idir suíomhanna FCLÓ agus bunscoileanna chun tacú le haistrithe.** | C.9.1.1.<br><br>Ag obair trí ghrúpa maoirseachta comhcheangailte de RO agus RLCMLÓ, beartas náisiúnta a fhorbairt maidir le haistriú ón mbaile go dtí an FCLÓ agus tríd, agus ar aghaidh chuig an mbunscoil. Tacóidh samhail náisiúnta d'aistrithe sa chleachtas leis an mbeartas aistrithe. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ agus RO<br><br>Comhpháirtithe:<br>CNCM agus comhpháirtithe eile le cinneadh ar bhunú grúpa oibre | Samhail náisiúnta d'aistrithe i gcleachtas agus beartas náisiúnta maidir le haistrithe ón mbaile go dtí an FCLÓ agus tríd, agus ar an mbunscoil. | (i) Grúpa maoirseachta a bhunú ag an RO agus RLCMLÓ chun beartas náisiúnta aistrithe a fhorbairt.<br><br>(ii) Dhá ghrúpa tionscadail a bhunú le príomhpháirtithe leasmhara:<br>1) Baile isteach agus laistigh de FCLÓ agus<br>2) FCLÓ isteach sa bhunscoil le béim ar riachtanais speisialta bhreise. | (i) Dréachtráiteas beartais a fhoilsiú le haghaidh comhairliúchán poiblí.<br><br>(ii) Tús a chur le forbairt straitéise cumarsáide maidir le haistrithe agus chun tacú le tuiscint do na páirtithe leasmhara go léir ar aistrithe in FCLÓ agus chuig an mbunscoil. | (i) Foilsiú polasaí náisiúnta maidir le haistrithe ón mbaile go dtí an FCLÓ agus tríd, agus ar aghaidh chuig an mbunscoil.<br><br>(ii) Straitéis chumarsáide a chur ar fáil. |
| 9.2<br><br>**Leanúnachas sa churaclam agus san oideolaíocht a mhéadú i suíomhanna FCLÓ agus i mblianta tosaigh na bunscoile.** | C.9.2.2.<br><br>Curaclam nua na Bunscoile do luathbhlianta na bunscoile a chur i bhfeidhm ag teacht le Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige, chun dul chun cinn i luathfhoghlaim leanaí a éascú agus iad ag bogadh ó shuíomhanna FCLÓ chuig an mbunscoil. | Ceannasaí:<br>RO | Sonraíochtaí nua curaclaim curtha i gcrích sa scoilbhliain 2025/2026. | Forbairt ar bun do shonraíochtaí uile churaclam na bunscoile. | Forbairt leanúnach chun comhairliúchán ar shonraíochtaí churaclam na bunscoile a chur san áireamh. | Sonraíochtaí churaclam na bunscoile a thabhairt chun críche. |

9 Tabhair faoi deara, go mb'fhéidir nach rithfeadh uimhreacha gníomhaíochta in ord seicheamhach toisc gur bogadh roinnt gníomhartha go hÉire Óg nó gur dúnadh iad. Féach Aguisíní A agus B le haghaidh tuilleadh sonraí.

# SPRIOC C

## Luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh

# CUSPÓIR 9

## Tacófar le leanaí agus iad ag aistriú chuig suíomhanna FCLÓ (agus tríothu) agus ar aghaidh chuig an mbunscoil.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **9.2**<br><br>**Leanúnachas sa churaclam agus san oideolaíocht a mhéadú i suíomhanna FCLÓ agus i mblianta tosaigh na bunscoile.** | C.9.2.4.<br><br>Ag féachaint d'impleachtaí acmhainní, a iarraidh tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le cóimheasa idir daltaí agus múinteoir i mbunscoileanna a laghdú, agus moladh tugtha do scoileanna gur cheart dóibh, nuair is féidir, a neamhspleáchas a úsáid faoin sceideal foirne chun méideanna ranga níos lú a chur i bhfeidhm do ranganna sóisearacha. | Ceannasaí:<br>RO | Dul chun cinn déanta maidir le cóimheasa daltaí-múinteoirí a laghdú i mbunscoileanna. | Dul chun cinn déanta maidir le cóimheasa daltaí-múinteoirí a laghdú i mbunscoileanna. | Dul chun cinn déanta maidir le cóimheasa idir daltaí agus múinteoir i mbunscoileanna a laghdú, i.e. athruithe ar sceideal foirne a fógraíodh i mBuiséad 2021, 2022 agus 2023. | Dul chun cinn déanta maidir le cóimheasa idir daltaí agus múinteoir i mbunscoileanna a laghdú, faoi réir tosaíochta sna Meastacháin. |
| **9.3**<br><br>**A chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí riachtanacha i bhfeidhm chun foghlaim a chothú do gach leanbh agus iad ag aistriú ó shuíomhanna FCLÓ chuig an mbunscoil.** | C.9.3.1.<br><br>Leanúint ar aghaidh agus feabhas a chur ar mhaoiniú agus ar thacaíocht d'acmhainní oideachais uilíocha, lena n-áirítear tionscnaimh cosúil le scéim na leabhar scoile saor in aisce, do gach scoil, le béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do leanaí a bhíonn i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus iad ag aistriú ó shuíomhanna FCLÓ chuig an mbunscoil. Comhlánófar na tacaíochtaí uilíocha seo le hacmhainní breise spriocdhírithe go sonrach do scoileanna laistigh de chlár CDSS, rud a chinnteoidh cur chuige cuimsitheach chun dul i ngleic le neamhionannas oideachais. | Ceannasaí:<br>RO | Leanúint le scéim na Leabhar Saor in Aisce do bhunscoileanna. | Leanúint de thacaíochtaí uilíocha, lena n-áirítear scéim na leabhar scoile saor in aisce, do gach scoil, a d'fhéadfadh a bheith dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na leanaí sin is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais le linn an aistrithe ó FCLÓ go dtí an bunoideachas. Leanfar de na tacaíochtaí seo a fhorlíonadh le tacaíochtaí spriocdhírithe breise do scoileanna laistigh den chlár CDSS. | Leanúint de thacaíochtaí uilíocha, lena n-áirítear scéim na leabhar scoile saor in aisce, do gach scoil, a d'fhéadfadh a bheith dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na leanaí sin is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais le linn an aistrithe ó FCLÓ go dtí an bunoideachas. Leanfar de na tacaíochtaí seo a fhorlíonadh le tacaíochtaí spriocdhírithe breise do scoileanna laistigh den chlár CDSS. | Leanúint de thacaíochtaí uilíocha, lena n-áirítear scéim na leabhar scoile saor in aisce, do gach scoil, a d'fhéadfadh a bheith dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na leanaí sin is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais le linn an aistrithe ó FCLÓ go dtí an bunoideachas. Leanfar de na tacaíochtaí seo a fhorlíonadh le tacaíochtaí spriocdhírithe breise do scoileanna laistigh den chlár CDSS. |

# SPRIOC C

## Luathfhoghlaim dhearfach bunaithe ar shúgradh

# CUSPÓIR 9

## Tacófar le leanaí agus iad ag aistriú chuig suíomhanna FCLÓ (agus tríothu) agus ar aghaidh chuig an mbunscoil.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **9.3**<br><br>**A chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí riachtanacha i bhfeidhm chun foghlaim a chothú do gach leanbh agus iad ag aistriú ó shuíomhanna FCLÓ chuig an mbunscoil.** | C.9.3.2.<br><br>Seirbhís feabhsaithe CRS a fhorbairt a sholáthraíonn na torthaí is fearr do leanaí a bhfuil riachtanais chúraim bhreise acu i scoileanna. | Ceannasaí:<br>RO | Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar ról CRSanna agus athchóirithe nó forbairt a chur i bhfeidhm de réir mar is gá. | Measúnú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna CRSanna.<br><br>Tús a chur le hathbhreithniú ar chonradh fostaíochta CRSanna. | Clár oiliúna a dhearadh do CRSanna, athbhreithniú dul chun cinn a dhéanamh ar chonradh fostaíochta CRSanna.<br><br>Tús a chur le Plean Forbartha do Lucht Saothair CRS. | Clár oiliúna a sholáthar do CRSanna.<br><br>Athbhreithniú ar chonradh fostaíochta CRSanna a thabhairt chun críche. |

# SPRIOC D
# CÓRAS ÉIFEACHTACH LUATH-ÓIGE



# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 1

## Ceannaireacht thiomanta, rialachas láidir agus comhoibriú agus rannpháirtíocht dhearfach ailínithe le fís chomhroinnte do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh[10].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.A**<br><br>**Struchtúir éifeachtacha cur chun feidhme agus rialachais agus sásraí rannpháirtíochta poiblí a chur i bhfeidhm le haghaidh Na Chéad 5.** | D.1.A.1.<br><br>Mar chomhstraitéis d'Éire Óg, déanfaidh Struchtúir Feidhmithe Éire Óg maoirseacht ar chur i bhfeidhm Na Chéad 5 chun cur chuige cuimsitheach agus nasctha a cheadú maidir le haghaidh a thabhairt ar phríomhfhadhbanna a mbíonn tionchar acu ar shaol naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach. Déanfaidh an Coiste Comh-Aireachta um Leanaí agus Oideachas, faoi chathaoirleacht an Taoisigh, maoirseacht ar chur i bhfeidhm Na Chéad 5. Lorgófar ainmniúcháin nua do Struchtúir Feidhmithe Éire Óg (Grúpa Oifigeach Sinsearach, Fóram Beartais Leanaí agus Daoine Óga) chun an fócas riachtanach ar naíonáin, ar leanaí óga agus ar a dteaghlaigh a chinntiú. Is éard atá i gceist leis na Struchtúir Feidhmithe seo ná rannpháirtíocht iltaobhach fhorleathan ó gach ceann de na Ranna Rialtais, ó Ghníomhaireachtaí Stáit agus ó eagraíochtaí eile. Déantar cur síos níos mionsonraithe ar na Struchtúir Feidhmithe sa roinn ar Chur i bhFeidhm agus Maoirseacht. Beidh Foireann Feidhmithe Na Chéad 5 i gceannas ar chomhordú agus ar mhonatóireacht chur i bhfeidhm Na Chéad 5 i gCéim 2, i dteagmháil le Foireann Feidhmithe Éire Óg. | Ceannasaí: RLCMLÓ | Struchtúir nua rialachais d'Éire Óg: Creat Beartais Náisiúnta 2023-2028 leagtha amach, lena n-áirítear Fóram Beartais agus plean oibre. | Struchtúir rialachais do bheartas leanaí agus óige leagtha amach le foilsiú Éire Óg, le ballraíocht de Chomhairle Chomhairleach agus Fóram Beartais um Leanaí agus Daoine Óga le tabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana, mar aon le sásra tiomnaithe d'ionchur leanaí agus daoine óga i bpróisis rialachais. | Plean oibre ceadaithe leis an gComhairle Chomhairleach um Leanaí agus Daoine Óga, a dhíríonn ar cheantair spriocdhírithe a shainaithnítear in Éire Óg.<br><br>Tacaíocht a chur ar fáil don Fhóram Beartais chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Éire Óg, agus chun dul chun cinn a dhéanamh ar na fadhbanna is mó deacracht atá ag leanaí agus ag daoine óga. | Ullmhúcháin ar siúl d'Athbhreithniú Meántéarma ar Éire Óg, le deiseanna chun meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an gcreat, ar éifeacht na struchtúr rialachais, agus ar an dul chun cinn atá déanta maidir le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a mbíonn tionchar acu ar leanaí agus ar dhaoine óga. |

10 Tabhair faoi deara, go mb'fhéidir nach rithfeadh uimhreacha gníomhaíochta in ord seicheamhach toisc gur bogadh roinnt gníomhartha go hÉire Óg nó gur dúnadh iad. Féach Aguisíní A agus B le haghaidh tuilleadh sonraí.

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 1

## Ceannaireacht thiomanta, rialachas láidir agus comhoibriú agus rannpháirtíocht dhearfach ailínithe le fís chomhroinnte do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.A**<br><br>**Struchtúir éifeachtacha cur chun feidhme agus rialachais agus sásraí rannpháirtíochta poiblí a chur i bhfeidhm le haghaidh Na Chéad 5.** | D.1.A.2.<br><br>Cinnteoidh Foireann Feidhmithe Na Chéad 5 go bhforbrófar plean mionsonraithe cur chun feidhme trí bliana do 2023-2025 le clár ama maidir lena chur ar fáil, lena n-áirítear freagracht as gníomhartha a shannadh. | Ceannasaí: RLCMLÓ | Plean Feidhmithe foilsithe agus monatóireacht agus tuairisciú ar siúl. | Plean Feidhmithe aontaithe agus foilsithe. | N/B | N/B |
| | D.1.A.3.<br><br>Ullmhóidh Foireann Feidhmithe Na Chéad 5 tuarascáil bhliantúil ar chur i bhfeidhm na Straitéise. | Ceannasaí: RLCMLÓ | Tuarascálacha Bliantúla ullmhaithe agus foilsithe. | Tuarascáil Bhliantúil 2021/22 ullmhaithe agus foilsithe. | Tuarascáil Bhliantúil 2023 ullmhaithe agus foilsithe. | Tuarascáil Bhliantúil 2024 ullmhaithe agus foilsithe. |
| | D.1.A.4.<br><br>Déanfaidh Foireann Feidhmithe Na Chéad 5 athbhreithniú trí bliana ar an Straitéis d'fhonn plean feidhmithe eile a fhorbairt do na trí bliana amach romhainn. | Ceannasaí: RLCMLÓ | Athbhreithniú 3 bliana ar an Straitéis a fhoilsiú. | Cruinnithe leathbhliantúla Na Chéad 5 Ghrúpa Idir-Rannach chun monatóireacht a dhéanamh ar gharspriocanna bliantúla agus chun tacú lena gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tras-rannacha. | Cruinnithe leathbhliantúla Na Chéad 5 Ghrúpa Idir-Rannach chun monatóireacht a dhéanamh ar gharspriocanna bliantúla agus chun tacú lena gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tras-rannacha. | Cruinnithe leathbhliantúla Na Chéad 5 Ghrúpa Idir-Rannach chun monatóireacht a dhéanamh ar gharspriocanna bliantúla agus chun tacú lena gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear gníomhaíochtaí tras-rannacha.<br><br>Rinneadh athbhreithniú trí bliana. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 1

## Ceannaireacht thiomanta, rialachas láidir agus comhoibriú agus rannpháirtíocht dhearfach ailínithe le fís chomhroinnte do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.A**<br>**Struchtúir éifeachtacha cur chun feidhme agus rialachais agus sásraí rannpháirtíochta poiblí a chur i bhfeidhm le haghaidh Na Chéad 5.** | D.1.A.5.<br>Tacú le rannpháirtíocht bhríoch leanaí óga agus tuismitheoirí leanaí óga i bhforbairt beartais, clár agus cleachtais a bhaineann leo, lena n-áirítear grúpaí nach gcloistear go minic. Is éard a bheidh i gceist leis seo modheolaíochtaí agus sásraí cuí a fhorbairt agus a úsáid chun dul i gcomhairle le leanaí óga agus le tuismitheoirí leanaí óga agus chun dul i dteagmháil leo, cláir oiliúna rannpháirtíochta leanaí a fhorbairt agus a chur ar fáil dóibh siúd atá ag obair le leanaí, agus treoir maidir le rannpháirtíocht leanaí a fhoilsiú. | Ceannasaí: RLCMLÓ agus Hub na nÓg<br>Comhpháirtithe: Comhpháirtithe earnála luathbhlianta ábhartha | Oiliúint nua d'oideoirí FCLÓ maidir le rannpháirtíocht leanaí sa chleachtas laethúil. | Foghlaim ó threoirchlár an chláir oiliúna ar Sheicliosta Laethúil an Chreata Náisiúnta Rannpháirtíochta a ionchorprú i gclár oiliúna don oiliúnóir.<br>Cás-staidéir a fhorbairt a léiríonn rannpháirtíocht na leanaí sa chleachtas laethúil. | Leanúint le hobair ghrúpa oibre rannpháirtíochta FCLÓ chun a chinntiú go bhfuil oiliúint chuí forbartha d'oideoirí.<br>Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar acmhainní do Hub na nÓg. | Cuirtear oiliúint rannpháirtíochta i bhfeidhm go náisiúnta. |
| | D.1.A.6.<br>Plean cumarsáide a chur i bhfeidhm a chinnteoidh go dtuigfear go maith an tábhacht a bhaineann le forbairt agus foghlaim na luath-óige agus conas is féidir le gníomhartha agus tionscadail in Na Chéad 5 cur le heispéiris naíonán agus leanaí óga a fheabhsú. | Ceannasaí: RLCMLÓ<br>Comhpháirtithe: Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí a bhfuil baint acu le Na Chéad 5 | Feasacht níos fearr, i measc páirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne, ar Na Chéad 5 agus ar thábhacht na luath-óige agus na luathfhoghlama. | Gníomh leanúnach ar na meáin shóisialta agus ar ardán láithreán gréasáin chun feasacht an phobail ar "An Chéad 5" agus ar thopaicí a bhaineann le naíonáin agus le leanaí óga, a ardú.<br>Feachtais fhor-rochtana curtha i gcrích, lena n-áirítear Gairdín an Iontais agus na Fionnachtana Bloom de chuid Na Chéad 5, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus Aonach na Mamaithe agus na mBabaithe.<br>Físeáin Ghairide faisnéise "An Chéad 5" ar Ghairdín Bloom "An Chéad 5" a tháirgeadh. | Clár faisnéise ina leagtar béim ar an tionchar dearfach a bhíonn ag gníomhartha "An Chéad 5" agus Luathfhoghlaim agus Cúram ar shaol naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach. Scannán chun aird a tharraingt ar ról luachmhar oideoirí Luathfhoghlama agus Cúraim.<br>An scannán a chur chun cinn ar fud na tíre sna meáin thraidisiúnta agus sna meáin shóisialta araon. | Leanúint ar aghaidh ag forbairt feasachta níos fearr i measc na hearnála poiblí agus FCLÓ trí fheachtais for-rochtana nuálacha, imeachtaí pearsanta agus láithreacht láidir sna meáin shóisialta agus sna meáin thraidisiúnta araon. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 1

## Ceannaireacht thiomanta, rialachas láidir agus comhoibriú agus rannpháirtíocht dhearfach ailínithe le fís chomhroinnte do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.A**<br>**Struchtúir éifeachtacha cur chun feidhme agus rialachais agus sásraí rannpháirtíochta poiblí a chur i bhfeidhm le haghaidh Na Chéad 5.** | D.1.A.7.<br>Plean Gníomhaíochta um Shimpliú Riaracháin agus Rialála a fhorbairt agus tús a chur leis. | Ceannasaí: RLCMLÓ<br>Comhpháirtithe: Cinneadh a dhéanamh maidir le bunú an Ghrúpa Chomhairligh agus na nGrúpaí Oibre | Próisis ó cheann ceann a fhorbairt atá nasctha le scéimeanna/cláir FCLÓ agus CLAS, a mhaoinítear go poiblí, le hionchuir chuíchóirithe agus ualach riaracháin, agus ag an am céanna leanúint lena chinntiú go gcuirtear an rialachas agus an cháilíocht is fearr ar fáil. | Grúpa comhairleach a thionól trí léiriú spéise.<br>Grúpa oibre a thionól, comhpháirtí neamhspleách tríú páirtí a fhostú, agus tús a chur le seisiúin chomhairliúcháin réigiúnacha. | Athbhreithniú a chur i gcrích agus Plean Gníomhaíochta le hamlíne a ullmhú chun feabhsuithe molta a bhaint amach. | Tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta maidir le gealltanais an Phlean Gníomhaíochta a bhaint amach. |
| | D.1.A.8.<br>Tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin ar théarmaíocht a bhaineann leis an earnáil FCLÓ agus CLAS. | Ceannasaí: RLCMLÓ | Téarmaíocht in úsáid a bhfuil toradh an phróisis chomhairliúcháin mar bhonn agus mar thaca léi. | Cur chuige comhairliúcháin a aontú. | Tabhairt faoi chomhairliúchán agus torthaí an chomhairliúcháin a fhoilsiú. | Téarmaíocht in úsáid a bhfuil toradh an phróisis chomhairliúcháin mar bhonn agus mar thaca léi. |
| **1.B**<br>**Ceannaireacht agus rialachas a neartú thar raon chóras na luath-óige ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil.** | D.1.B.6.<br>Sásraí a bhunú chun obair bheartais, chleachtais agus fheidhmithe na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, na Roinne Oideachais, agus na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, maidir le FCLÓ, a ailíniú agus a chomhordú. | Ceannasaí: RLCMLÓ, RBATNE agus RO. | Rannpháirtíocht chomhoibritheach láidir agus tháirgiúil idir na trí Roinn chun tacú le ceapadh beartais comhleanúnach agus cinntí comhleanúnacha feadh an chontanaim oideachais/ FCLÓ. | Príomhréimsí comhair a aithint i mbeartas, i gcleachtas agus i bhfeidhmiú idir RLCMLÓ, RO agus RBATNE.<br>Sásra a chomhaontú ar leibhéal sinsearach chun ailíniú straitéiseach a chinntiú maidir le réimsí beartais chomhroinnte. | Sásraí comhair a chur i bhfeidhm agus cruinnithe ardleibhéil a reáchtáil de réir mar is gá chun réimsí criticiúla comhair agus saincheisteanna eile a thagann chun cinn a phlé agus a chur chun cinn. | Sásraí comhair a chur i bhfeidhm agus cruinnithe ardleibhéil a reáchtáil de réir mar is gá chun réimsí criticiúla comhair agus saincheisteanna eile a thagann chun cinn a phlé agus a chur chun cinn. |
| | D.1.B.8.<br>Tacú le ról méadaithe don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige i bhforbairt churaclaim FCLÓ trí shásraí a fhiosrú chun ról maoirseachta agus faofa an RLCMLÓ a ionchorprú ar bhealach níos foirmiúla. | Ceannasaí: RO agus RLCMLÓ<br>Comhpháirtithe: CNCM | Tá ról maoirseachta agus faofa foirmiúil comhaontaithe ag RLCMLÓ i gcuraclam Aistear. | Teagmháil le comhghleacaithe chun na modhanna is oiriúnaí a bhunú chun maoirseacht agus faomhadh RLCMLÓ a ionchorprú do churaclam Aistear. | Sásra maoirseachta agus formheasa comhaontaithe chun ailíniú leis an nuashonrú ar Aistear atá le críochnú in 2024. | Athbhreithniú déanta ag RO, RLCMLÓ agus CNCM ar an Sásra. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 1

## Ceannaireacht thiomanta, rialachas láidir agus comhoibriú agus rannpháirtíocht dhearfach ailínithe le fís chomhroinnte do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.B**<br><br>**Ceannaireacht agus rialachas a neartú thar raon chóras na luath-óige ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil.** | D.1.B.9.<br><br>Ag tógáil ar thorthaí an Athbhreithnithe Neamhspleách ar an tSamhail Oibriúcháin Luathfhoghlama agus Cúraim Leanaí in Éirinn, céim pleanála deartha agus feidhmithe a chur i gcrích chun gníomhaireacht stáit thiomnaithe a bhunú do FCLÓ agus CLAS. | Ceannasaí: RLCMLÓ | Céim pleanála deartha agus feidhmithe a chur i gcrích chun gníomhaireacht stáit thiomnaithe a bhunú do FCLÓ agus CLAS a chuirfear faoi bhráid an Rialtais. | MTanna a thabhairt chun críche idir RLCMLÓ, Pobal agus gach ceann de na 30 CCCLanna ar rannpháirtíocht fhrithpháirteach le linn an chláir chun FCLÓ Náisiúnta agus CLAS a bhunú.<br><br>Iarratas ábhartha ar thairiscintí a thabhairt chun críche, a lorgaíonn seirbhísí comhairleoireachta chun céim tosaigh anailíse agus meastóireachta a dhéanamh maidir le dearadh na gníomhaireachta nua.<br><br>Tairiscint a dhámhachtain le haghaidh bailiú faisnéise, agus anailís agus céim deartha tosaigh.<br><br>Tús a chur le comhairliúchán le páirtithe leasmhara. | Comhpháirtí comhairleoireachta tairisceana a roghnú chun anailís a dhéanamh ar shonraí a bailíodh i ndáil le príomhréimsí taighde comhaontaithe.<br><br>Leanúint den chomhairliúchán le páirtithe leasmhara.<br><br>Mapáil ar chomhdhéanamh an lucht saothair atá ann cheana a thabhairt chun críche.<br><br>Tuarascálacha eatramhacha ó chomhpháirtí comhairleoireachta a thabhairt chun críche, ina mbeidh roghanna treoirphlean ardleibhéil maidir le soláthar seirbhíse, samhlacha oibriúcháin agus bunphrionsabail an dearaidh. | Moltaí maidir le dearadh na gníomhaireachta nua, lena n-áirítear réamh-mheastacháin costais, le cur faoi bhráid an Aire chun ceadú a fháil ón gcomh-aireacht chun an ghníomhaireacht a bhunú.<br><br>Tús a chur le hachtú reachtaíochta.<br><br>Tuarascáil deiridh a chur i gcrích ina gcuimsítear agus ina sintéisítear tuarascálacha eatramhacha.<br><br>Céim mhionsonraithe costála a thosú agus a chríochnú. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 1

## Ceannaireacht thiomanta, rialachas láidir agus comhoibriú agus rannpháirtíocht dhearfach ailínithe le fís chomhroinnte do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.C**<br><br>**Tionscnaimh chomhoibríocha agus forbairt agus seachadadh comhtháite seirbhíse a chur chun cinn chun tacú le naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh.** | D.1.C.1.<br><br>Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le forbairt agus soláthar seirbhíse comhtháite do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh, trí shuíomhanna FCLÓ, mar mhol nádúrtha d'obair chomhoibritheach le teaghlaigh. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ | Gníomh atá le cur chun cinn i gCéim 3 den Straitéis. | | | |
| | D.1.C.2.<br><br>Ionaid Teaghlaigh agus Luath-Óige a fhorbairt ar bhonn píolótach a thugann réimse seirbhísí le chéile chun tacú le tuismitheoirí agus leanaí i gcéimeanna luatha na forbartha. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ | Gníomh atá le cur chun cinn i gCéim 3 den Straitéis. | | | |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 1

## Ceannaireacht thiomanta, rialachas láidir agus comhoibriú agus rannpháirtíocht dhearfach ailínithe le fís chomhroinnte do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.C**<br><br>**Tionscnaimh chomhoibríocha agus forbairt agus seachadadh comhtháite seirbhíse a chur chun cinn chun tacú le naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh.** | D.1.C.3.<br><br>Iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm samhlacha de sheirbhísí comhoibríocha agus comhroinnte áitiúla chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar rialachas agus inbhuanaitheacht in FCLÓ agus CLAS, i gcomhpháirtíocht le soláthraithe FCLÓ agus CLAS. | Ceannasaí: RLCMLÓ | Féach freisin D.1.B.9. | N/B | Breithniú déanta ar acmhainneacht na seirbhísí comhroinnte do sholáthraithe FCLÓ agus LAS mar chuid den chéim pleanála deartha agus cur chun feidhme chun gníomhaireacht stáit thiomnaithe a bhunú do FCLÓ agus LAS. | Líonraí áitiúla a bhunú chun tacú le hobair chomhoibríoch ar fud sheirbhísí FCLÓ agus CLAS.<br><br>Comhoibriú sonrach a aithint, le tacaíocht de réir mar is gá.<br><br>Breithniú déanta ar acmhainneacht na seirbhísí comhroinnte do sholáthraithe FCLÓ agus LAS mar chuid den chéim pleanála deartha agus cur chun feidhme chun gníomhaireacht stáit thiomnaithe a bhunú do FCLÓ agus LAS. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 2

## Córas láidir rialála, cigireachta agus dearbhaithe cáilíochta chun caighdeáin a fhorfheidhmiú agus a ardú[11].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.A**<br>**Cur le caighdeáin náisiúnta maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí luath-óige, chomh maith lena bhforbairt agus lena bhfeidhmiú.** | D.2.A.1.<br>Critéir a fhorbairt agus a chomhaontú maidir le cláir cuairte baile a mhaoinítear go poiblí do naíonáin agus do leanaí óga. | Ceannasaí: RLCMLÓ<br>Comhpháirtithe: Tusla, FSS | Cur chuige comhsheasmhach náisiúnta maidir le Cuairt Baile agus méadú ar líon na leanaí agus na dteaghlach atá á mbaint amach ag na seirbhísí sin. | Tionscadal taighde a rinne Ollscoil Mhá Nuad, chun seirbhísí Cuairte Baile in Éirinn a phróifíliú agus a athbhreithniú, curtha i gcrích.<br>Staidéar Féidearthachta déanta ag HV Alliance agus maoinithe ag What Works curtha i gcrích.<br>Maoiniú do Chuairteanna Baile ó Chiste na Leanaí ceadaithe. | Oibríonn Tusla agus RLCMLÓ le chéile chun cur chuige caighdeánaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le Seirbhísí Cuairte Baile ar fud na tíre.<br>Le maoiniú ó Chiste na Leanaí, tá post mar Bhainisteoir Náisiúnta Cuairte Baile curtha ar bun laistigh de mhol cuairte baile nuabhunaithe laistigh de Tusla. | Méadú tagtha ar líon na leanaí agus na dteaghlach a fhaigheann seirbhísí Cuairte Baile i gcomparáid le 2023. |
| | D.2.A.4.<br>Caighdeáin Náisiúnta FSS don Oideachas Réamhbhreithe in Éirinn (2020) a chur i bhfeidhm.<br>Tá sé mar aidhm ag an gClár Náisiúnta Oideachais Réamhbhreithe nua do Mhná agus dá gComhpháirtithe Breithe Roghnaithe faisnéis agus acmhainní cuimsitheacha fianaisebhunaithe a chur ar fáil d'oideoirí tuismitheoirí ionas go mbeadh siad in ann an t-eolas agus na scileanna a thabhairt do mhná torracha agus dá gcomhpháirtithe breithe roghnaithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu le linn an toirchis, na breithe agus na tuismitheoireachta. Tá sé mar aidhm ag an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil comhsheasmhacht agus cáilíocht a chur chun cinn agus a neartú ar fud na seirbhíse oideachais do thuismitheoirí. | Ceannasaí: FSS | Feidhmiú iomlán Chaighdeáin Náisiúnta FSS don Oideachas Réamhbhreithe in Éirinn (2020). | Dearadh agus forbairt an Chláir Náisiúnta Oideachais Réamhbhreithe do Mhná agus dá gComhpháirtithe Breithe Roghnaithe a thabhairt chun críche.<br>An Clár a sheoladh. | An chéad chlár oideachais nua d'oideoirí a reáchtáil faoi dheireadh Ráithe 1 2024.<br>Dhá chlár eile curtha ar fáil faoi R4 2024. | Cláir a chur ar fáil go minic de réir riachtanais seirbhíse (oideoir réamhbhreithe).<br>Ábhar an Chláir a nuashonrú dá réir chun a chinntiú go bhfuil sé bunaithe ar fhianaise agus cothrom le dáta.<br>Meastóireachtaí a dhéanamh ar an gclár agus athbhreithniú a dhéanamh chun an glacadh is fearr a chinntiú. |

11 Tabhair faoi deara, go mb'fhéidir nach rithfeadh uimhreacha gníomhaíochta in ord seicheamhach toisc gur bogadh roinnt gníomhartha go hÉire Óg nó gur dúnadh iad. Féach Aguisíní A agus B le haghaidh tuilleadh sonraí.

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 2

## Córas láidir rialála, cigireachta agus dearbhaithe cáilíochta chun caighdeáin a fhorfheidhmiú agus a ardú[11].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.A**<br><br>**Cur le caighdeáin náisiúnta maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí luath-óige, chomh maith lena bhforbairt agus lena bhfeidhmiú.** | D.2.A.5.<br><br>Rialacháin chuimsitheacha agus cáilíocht Leibhéal 5 a thabhairt isteach le haghaidh CLAS. | Ceannasaí: RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe: Tusla | Rialacháin chuimsitheacha do CLAS dréachtaithe. | Grúpa comhairleach oiliúna agus cáilíochtaí CLAS a bhunú. | FGL tosaigh CLAS a fhorbairt.<br><br>Tuairisceoirí de chineál Dámhachtana Gairmiúla a fhoilsiú le haghaidh cáilíocht Leibhéal 5 in CLAS. | Rialacháin chuimsitheacha a dhréachtú le haghaidh CLAS.<br><br>Dámhachtain Leibhéal 5 a fhorbairt in CLAS. |
| | D.2.A.6.<br><br>Tríd an Tionscnamh Náisiúnta Síolta Aistear (TNSA), plean náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun Síolta, an Creat Náisiúnta Cáilíochta, agus Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige, a chur i bhfeidhm de réir a chéile agus a thacú go comhuaineach i ngach suíomh FCLÓ do naíonáin agus do leanaí óga, agus breithniú, le himeacht ama, ar chomhlíonadh na gcreataí mar riachtanas reachtúil. | Ceannasaí: RO agus RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe: Tús Níos Fearr, CNCM | Comhtháthú ÚCNÉ i dtacaíochtaí FGL agus meantóireachta níos leithne a neartú. | Athchóiriú a dhéanamh ar struchtúir TNSA.<br><br>Ríomhfhoghlaim Tosaigh TNSA a fhorbairt. | Feabhas a chur ar acmhainní Tús Níos Fearr do TNSA agus FGL.<br><br>Clár forbartha FGL (aisioncronach agus sioncronach).<br><br>Comhtháthú ÚCNÉ i dtacaíochtaí FGL agus meantóireachta níos leithne a neartú. | Feabhas a chur ar acmhainní Tús Níos Fearr do TNSA agus FGL.<br><br>Clár forbartha FGL (aisioncronach agus sioncronach).<br><br>Comhtháthú ÚCNÉ i dtacaíochtaí FGL agus meantóireachta níos leithne a neartú. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 2

## Córas láidir rialála, cigireachta agus dearbhaithe cáilíochta chun caighdeáin a fhorfheidhmiú agus a ardú[11].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.A**<br><br>**Cur le caighdeáin náisiúnta maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí luath-óige, chomh maith lena bhforbairt agus lena bhfeidhmiú.** | D.2.A.8.<br><br>Ráiteas beartais náisiúnta maidir le foghlaim agus súgradh taobh amuigh in FCLÓ a fhorbairt. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>RO, Tusla | Ráiteas beartais náisiúnta maidir le foghlaim agus súgradh taobh amuigh. | N/B | Páipéar taighde ar an litríocht idirnáisiúnta agus náisiúnta ar fhoghlaim agus súgradh taobh amuigh i suíomhanna FCLÓ agus CLAS.<br><br>Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le Foghlaim agus Súgradh Taobh Amuigh a fhorbairt. | Ráiteas Beartais Náisiúnta maidir le Foghlaim agus Súgradh Taobh Amuigh a fhoilsiú.<br><br>Acmhainní a fhorbairt chun tacú le súgradh taobh amuigh in FCLÓ agus CLAS. |
| | D.2.A.9.<br><br>Ráiteas beartais náisiúnta a fhorbairt maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na foghlama digití i bhFoghlaim agus Cúram na Luath-Óige, ag tógáil ar Empowering Young Children in the Digital Age (2023) de chuid an ECFE. | Ceannasaí:<br>RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe:<br>RO | Ráiteas beartais náisiúnta maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na foghlama digití in FCLÓ. | N/B | Comhairliúchán poiblí maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na foghlama digití in FCLÓ.<br><br>Páipéar taighde ar inniúlacht dhigiteach i measc na leanaí i suíomhanna FCLÓ.<br><br>Páipéar taighde ar inniúlacht dhigiteach i measc na n-oideoirí luathbhlianta.<br><br>Ráiteas beartais a fhorbairt maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na foghlama digití in FCLÓ. | Ráiteas beartais a fhoilsiú maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na foghlama digití in FCLÓ. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 2

## Córas láidir rialála, cigireachta agus dearbhaithe cáilíochta chun caighdeáin a fhorfheidhmiú agus a ardú[11].

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.B**<br><br>**Córais rialála agus cigireachta FCLÓ (agus cúram leanaí d'aois scoile) a athchóiriú de réir a chéile agus dearbhú cáilíochta a neartú, le béim athnuaite ar fhéinmheastóireacht.** | D.2.B.1.<br><br>Thar shaolré Na Chéad 5, athbhreithniú a dhéanamh ar na Rialacháin um Sheirbhísí Luathbhlianta 2016 agus ar an gCreat Cáilíochta agus Rialála a ghabhann leo, bunaithe ar fhianaise ar an méid is fearr a chuireann le cáilíocht eispéireas leanaí. I measc na réimsí ar leith a bheidh le breithniú beidh íosleibhéil cháilíochta rialála, ceanglais maidir le spás taobh istigh agus taobh amuigh, cóimheasa idir daoine fásta agus leanaí, agus méid an ghrúpa. Scrúdófar athruithe incriminteacha ar cheanglais cháilíochta freisin mar chuid den Phlean Forbartha Lucht Saothair (féach Bloicín Tógála 3). Chomh maith leis sin, breithneofar raon feidhme na Rialachán do shuíomhanna éagsúla, go háirithe suíomhanna baile-bhunaithe, chun rialáil chomhréireach a chinntiú. | Ceannasaí: RLCMLÓ<br><br>Comhpháirtithe: Tusla | Cuireadh tús leis na Rialacháin athbhreithnithe um Sheirbhísí Luathbhlianta. | Tuarascáil ar chomhairliúchán poiblí maidir le hathchóiriú reachtaíochta agus rialachán a fhoilsiú.<br><br>Leasuithe ar Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí 1991 a dhréachtú. Rialacháin a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí le dréachtú de réir an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí. | Leasuithe ar Chuid VIIA den Acht um Chúram Leanaí 1991.<br><br>Dréachtú leasuithe ar na Rialacháin um Sheirbhísí Luathbhlianta 2016, ag tarraingt ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí. Rialacháin a bhaineann go sonrach le feighlithe leanaí le teacht i bhfeidhm. | Cuireadh tús leis na Rialacháin athbhreithnithe um Sheirbhísí Luathbhlianta. |
| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5.B<br><br>Cuir chuige níos straitéisí a fhorbairt i ndáil le tacaíochtaí maoinithe do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh chun seirbhísí níos fearr a chur ar fáil. | D.5.B.3.<br><br>Dul chun cinn a dhéanamh ar chur i bhfeidhm moltaí i gComhpháirtíocht ar mhaithe le Leas an Phobail, Tuarascáil an tSainghrúpa le haghaidh Samhail Nua Mhaoinithe do FCLÓ agus CLAS. | Ceannasaí: RLCMLÓ | Moltaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha i gComhpháirtíocht ar mhaithe le Leas an Phobail curtha i bhfeidhm. | Feidhmiú na moltaí gearrthéarmacha a leagtar amach i gComhpháirtíocht ar mhaithe le Leas an Phobail. | Cur chun feidhme na moltaí meántéarmacha a leagtar amach sa Chomhpháirtíocht ar mhaithe le Leas an Phobail. | Cur chun feidhme na moltaí meántéarmacha a leagtar amach sa Chomhpháirtíocht ar mhaithe le Leas an Phobail. |
| | D.5.B.4.<br><br>Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcreat comhlíonta agus ar na treoirlínte airgeadais chun tacú le maoiniú poiblí in FCLÓ agus CLAS, le sásra comhaontaithe chun maoiniú a tharraingt siar ó shuíomhanna nach gcomhlíonann ceanglais chonarthacha (cáilíocht nó eile). | Ceannasaí: RLCMLÓ | Cuirfear tús leis an gcéad Chreat Comhlíonta eile agus beidh sé ag feidhmiú go hiomlán. | Tá an chéad Chreat Comhlíonta eile le tosú ag feidhmiú in 2023/2024. | D'fhéadfadh sé go gcuirfí smachtbhannaí ar na chéad seirbhísí faoin gCreat Comhlíonta mura bhfuil na torthaí neamhchomhlíonta roimhe seo ceartaithe acu, agus mura bhfuil siad tar éis teagmháil a dhéanamh le tacaíochtaí a cuireadh ar fáil.<br><br>Feabhsófar na tacaíochtaí a chuireann na CCCLanna ar fáil agus na hábhair tacaíochta comhlíonta ar bhonn leanúnach. | Beidh an Creat Comhlíonta ag feidhmiú go hiomlán, agus beidh smachtbhannaí curtha ar na seirbhísí nár cheartaigh na torthaí neamhchomhlíonta roimhe seo, agus nach ndearna teagmháil le tacaíochtaí a cuireadh ar fáil.<br><br>Feabhsófar na tacaíochtaí a chuireann na CCCLanna ar fáil agus na hábhair tacaíochta comhlíonta ar bhonn leanúnach. |

# SPRIOC D

## Córas éifeachtach luath-óige

# BLOICÍN TÓGÁLA 5

## Maoiniú poiblí breise a infheistítear go straitéiseach chun na torthaí is fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Ceannasaí agus Comhpháirtí/ Comhpháirtithe | Príomh-Aschur faoi 2025 | Príomh-Gharsprioc 2023 | Príomh-Gharsprioc 2024 | Príomh-Gharsprioc 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5.C<br><br>**Sásraí cuí a fhorbairt chun an dul chun cinn a dhéantar maidir le hinfheistíocht phoiblí sa luath-óige a rianú go cruinn.** | D.5.C.1.<br><br>Ag tógáil ar obair a rinneadh roimhe seo sa réimse seo, táscairí a fhorbairt chun infheistíocht phoiblí sa luath-óige a aithint go cruinn ar fud príomhréimsí caiteachais, agus chun an bhonnlíne a bhunú lenar féidir dul chun cinn a mheas. Chomh maith le méid iomlán an chaiteachais phoiblí sa luath-óige a rianú, táscairí breise airgeadais agus neamhairgeadais (le comparadóirí idirnáisiúnta iomchuí) a fhorbairt agus monatóireacht a dhéanamh orthu chun an dul chun cinn maidir le forbairt córas éifeachtach luath-óige a rianú, e.g. cion (meán) ioncaim teaghlaigh a chaitear ar FCLÓ (agus CLAS), spriocanna bochtaineachta leanaí, rátaí glactha teidlíochtaí amhail saoire thuismitheoireachta, agus rátaí pá in FCLÓ. | Ceannasaí: RLCMLÓ | Táscairí bliantúla maidir le hinfheistíocht phoiblí aitheanta.<br><br>Nuashonrú ar Spriocdhíriú Staitistiúil 2025 chun táscairí a chur san áireamh. | N/B | Measúnú scóipe déanta ar shainmhíniú táscairí ar infheistíocht phoiblí sna Luathbhlianta.<br><br>Athbhreithniú iomlán ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta maidir le táscairí infheistíochta poiblí. | Tacar táscairí maidir le hinfheistíocht phoiblí sna Luathbhlianta a fhoilsiú.<br><br>Nuashonrú ar Spriocdhíriú Staitistiúil Na Chéad 5 a fhoilsiú. |

# 7. TACÚ LE FEIDHMIÚ





# Tacú le feidhmiú

Aithnítear in Na Chéad 5 an tábhacht a bhaineann le comhoibriú láidir idir Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit agus daoine eile chun torthaí níos fearr a bhaint amach do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh agus chun a chinntiú go gcomhlíontar a gcearta. Aithníonn sí na réimsí oibre idirnasctha, agus go mbaineann naíonáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh an tairbhe is mó as rudaí nuair a threisíonn obair na bpáirtithe leasmhara uile ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil a chéile. Leanfaidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige de cheannaireacht náisiúnta a chur ar fáil don iarracht chomhchoiteann seo, agus cinnteoidh sí go mbeidh an beartas náisiúnta ag teacht le feidhmiú áitiúil. Is freagracht chomhroinnte ar fud an Rialtais é Na Chéad 5 a fheidhmiú.

## Struchtúir feidhmithe

Tá struchtúir feidhmithe Na Chéad 5 leagtha amach i gcreat feidhmithe foriomlán Éire Óg. Cumasaíonn sé seo cur chuige comhleanúnach i leith seirbhísí agus tacaíochtaí a théann i bhfeidhm ar naíonáin, ar leanaí óga agus ar a dteaghlaigh. Is líonra cumasúcháin fairsing do Na Chéad 5 iad na struchtúir feidhmithe d'Éire Óg. Tugann na struchtúir seo páirtithe leasmhara le chéile ar fud Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, agus na n-earnálacha pobail agus deonacha, agus beidh guthanna leanaí agus tuismitheoirí san áireamh iontu. Nascann sé seo beartas náisiúnta, pleanáil áitiúil agus soláthar seirbhíse. Is sa chomhthéacs sin a dhéanfaidh Oifig Feidhmithe Na Chéad 5 monatóireacht agus tuairisciú ar ghníomhartha a bhaineann le naíonáin, le leanaí óga agus lena dteaghlaigh.






Figiúr 1 Struchtúir Feidhmithe

## Coiste Comh-Aireachta

Is ar an gCoiste Comh-Aireachta um Leanaí agus Oideachas atá an mhaoirseacht agus an chuntasacht maidir le feidhmiú Na Chéad 5. Is é an Taoiseach a dhéanann cathaoirleacht ar an gCoiste Comh-Aireachta agus is iad comhaltaí an Choiste an Tánaiste agus na hAirí Gnóthaí Eachtracha; Cosanta; Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; Iompair; Sláinte; Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; Oideachais; Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe; Airgeadais agus Coimirce Sóisialaí, chomh maith leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail, leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Faigheann an Coiste Comh-Aireachta tacaíocht ina chuid oibre sa réimse seo ó Ghrúpa na nOifigeach Sinsearach um Leanaí agus Oideachas. Cuireann Coistí Comh-Aireachta fadhbanna substainteacha faoi bhráid an Rialtais lena gceadú.

## Grúpa na nOifigeach Sinsearach

Tacaíonn Grúpa na nOifigeach Sinsearach um Leanaí agus Oideachas le feidhmiú ghealltanais Chlár an Rialtais, lena n-áirítear gealltanais atá ailínithe leis an Straitéis seo agus le beartas Éire Óg, le béim ar leith ar bhochtaineacht agus ar fholláine leanaí. Is ó gach Roinn Rialtais ábhartha, lena n-áirítear RLCMLÓ, na comhaltaí.

## Fóram Beartais Leanaí agus Daoine Óga

Faoi Éire Óg, beidh sé de chúram ar Fhóram Beartais maoirsiú agus stiúradh a dhéanamh ar fheidhmiú éifeachtach na mbeartas a mbíonn tionchar acu ar leanaí agus daoine óga laistigh dá réimsí freagrachta faoi seach, thar raon ranna, gníomhaireachtaí agus earnálacha. Beidh ionadaithe ó Chomhairle Chomhairleach nua um Leanaí agus Daoine Óga ar an bhFóram Beartais.

## Comhairle Chomhairleach um Leanaí agus Daoine Óga

Faoi Éire Óg, bunófar Comhairle Chomhairleach nua um Leanaí agus Daoine Óga don tsochaí shibhialta agus do shaineolaithe neamhspleácha chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt agus d'fheidhmiú beartas i leith leanaí agus daoine óga. Cosúil leis an gComhairle Chomhairleach um Thorthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile roimhe seo, iarrfar uirthi athbhreithniú agus trácht a dhéanamh ar Dhréacht-Thuarascálacha Bliantúla Na Chéad 5 don Straitéis.

Bainfidh an Chomhairle Chomhairleach leas as taithí ó na hearnálacha pobail agus deonacha, ón saol acadúil, agus uathu siúd a bhfuil saineolas ar leith acu ar bheith ag obair le leanaí agus daoine óga agus ar a son. Beidh ceapacháin Aireachta ó earnálacha neamhrialtasacha um Chearta Leanaí, an Óige agus na Luathbhlianta ina gcomhaltaí den Chomhairle d'fhonn an ionadaíocht is leithne is féidir a dhéanamh. Tacóidh sí le feidhmiú trí thaithí agus eolas comhchoiteann. Léireoidh ainmniúcháin ionadaithe nua don Chomhairle Chomhairleach fairsinge eispéiris na luath-óige.

Déanfar obair na Comhairle Comhairlí i gcomhthráth le hobair an Fhóraim Beartais, áit a gcuirfear saineolas earnála ar fáil, le rannpháirtíocht dhíreach idir an dá ghrúpa trí líon beag comhaltaí agus an Cathaoirleach a shuífidh ar an dá cheann.

## Foireann Feidhmithe Na Chéad 5

Ag tús na Straitéise, bunaíodh Foireann Feidhmithe Na Chéad 5 sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. Tá an Fhoireann seo i gceannas ar chomhordú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú Na Chéad 5 agus cinntíonn sí go bhfuil an bonneagar riachtanach i bhfeidhm chun tacú le feidhmiú. I measc phríomhghníomhaíochtaí na Foirne seo beidh uirthi cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara, táscairí a fhorbairt chun dul chun cinn a rianú le himeacht ama agus tuarascálacha bliantúla a ullmhú maidir le feidhmiú na Straitéise.

## Grúpa Idir-Rannach Na Chéad 5

Leanfaidh comhaltaí an Ghrúpa Idir-Rannaigh ag teacht le chéile agus ag tuairisciú ar dhul chun cinn ar bhonn débhliantúil, ag cur le forbairt tuarascála bliantúla ar fheidhmiú na Straitéise. Beidh gach comhalta freagrach as dul chun cinn agus tuairisciú a dhéanamh ar a gcuid gníomhartha sannta, agus idirchaidreamh a dhéanamh leis na comhpháirtithe ábhartha, nuair is gá, chun oibriú ar mhaithe leis na gníomhartha agus na garspriocanna a bhaint amach.

## Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Beidh rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ag croílár fheidhmiú rathúil Na Chéad 5. Beidh gá, i mbeagnach gach aon chás, le cumarsáid agus comhairliúchán le comhpháirtithe lasmuigh de Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear tuismitheoirí agus leanaí, an pobal i gcoitinne, eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do ghairmithe in earnálacha éagsúla, fostóirí, eagraíochtaí pobail agus deonacha agus eagraíochtaí eile a bhfuil saineolas speisialta acu atá ábhartha don réimse gníomhaíochta ar leith, do chomhpháirtithe sóisialta agus do dhaoine eile. I gcásanna áirithe, tá buanghrúpaí ionadaithe ann ar féidir leo cabhrú le heolas a dhéanamh d'fheidhmiú agus é a threorú, amhail Fóram Páirtithe Leasmhara na Luathfhoghlama agus an Chúraim Leanaí agus Comhairle Chomhairleach Éire Óg; i gcásanna eile bunófar grúpaí saincheaptha, cuir chuige chomhairliúcháin nó sásraí rannpháirtíochta. Cé nach féidir gach páirtí leasmhar a liostú le haghaidh gach gnímh, tuigtear go mbeidh rannpháirtíocht fhorleathan ina gné lárnach d'fheidhmiú na Straitéise seo.

Go háirithe, déanfar iarrachtaí speisialta leanúint le cuir chuige a fhorbairt chun teagmháil a dhéanamh le leanaí óga agus lena dteaghlaigh ionas go mbeidh a dtaithí agus a roghanna ina ngné lárnach fós d'fheidhmiú Na Chéad 5. Leagtar amach sa Phlean Feidhmithe garspriocanna sonracha chun an aidhm seo a chur chun cinn, le treoir agus oiliúint maidir le modheolaíochtaí agus sásraí atá ábhartha do leanaí faoi bhun 6 bliana d'aois. I measc na ngníomhartha tá forbairt oiliúna nua d'oideoirí FCLÓ bunaithe ar Sheicliosta Laethúil an Chreata Náisiúnta Rannpháirtíochta.

Cuirfidh RLCMLÓ leis an obair atá déanta chun teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí trí Thacaíocht do Thuismitheoirí. D'fhorbair grúpa oibre comhoibríoch faoi stiúir RLCMLÓ Tacaíocht do Thuismitheoirí, le hionchur ó réimse leathan páirtithe leasmhara ar fud Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí agus Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha.

Chomh maith le comhairliúchán agus rannpháirtíocht maidir le gníomhartha agus tionscadail shonracha, tá uaillmhian shuntasach in Na Chéad 5 chun tuiscint ar thábhacht na luath-óige a chur chun cinn ar bhonn níos leithne, lena n-áirítear trí fheachtais faisnéise do thuismitheoirí, do theaghlaigh agus don phobal i gcoitinne. Leanfaidh RLCMLÓ de bheith réamhghníomhach ar na meáin shóisialta agus ar a ardán suímh gréasáin chun feasacht an phobail ar Na Chéad 5 agus ar thopaicí a bhaineann le naíonáin agus leanaí óga a ardú. Beidh níos mó rannpháirtíochta pearsanta ann le tuismitheoirí agus le leanaí óga, ag tógáil ar imeachtaí rathúla amhail Gairdín an Iontais agus na Fionnachtana Bloom de chuid Na Chéad 5, agus láithreacht a choinneáil ag imeachtaí náisiúnta a dhíríonn ar naíonáin, ar leanaí óga agus ar a dteaghlaigh (e.g. Aonach na Mamaithe agus na mBabaithe).

## Bonneagar pleanála agus soláthair áitiúil

Tá sé mar aidhm ag Na Chéad 5 an leas is fearr a bhaint as bonneagar pleanála agus soláthair áitiúil chun forbairtí a spreagadh do naíonáin, do leanaí óga agus dá dteaghlaigh. Faoi Na Chéad 5, tá RLCMLÓ ag obair i gcomhthráth leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, atá chun tosaigh ar obair chun na Treoirlínte Náisiúnta Pleanála d'fhorbairt suíomhanna FCLÓ agus CLAS a athbhreithniú, a nuashonrú, a fhoilsiú agus a fheidhmiú.

## Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga

Tugann Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDÓ) raon éagsúil soláthraithe seirbhíse reachtúla, pobail agus deonacha le chéile ag leibhéal na n-údarás áitiúil. Is é an ról atá acu comhar idirghníomhaireachta a fheabhsú agus saol naíonán, leanaí agus a dteaghlach a fheabhsú. Tacaíonn CSLDÓ le feidhmiú ar an leibhéal áitiúil agus cuireann sé obair idirghníomhaireachta áitiúil chun cinn trí sheirbhísí a phleanáil agus a chomhordú i gcomhar le comhpháirtithe áitiúla. Tá Bainisteoir Ceantair Tusla ina chathaoirleach ar CSLDÓ agus is é an Leas-Phríomhfheidhmeannach Cúnta ón údarás áitiúil a dhéanann cathaoirleacht air. Tá comhordaitheoir áitiúil ag gach ceann acu. Áirítear le ballraíocht níos leithne CSLDÓ bainisteoirí sinsearacha ó na mórsholáthróirí reachtúla, pobail agus deonacha seirbhísí do leanaí agus dá dteaghlaigh.

Soláthraíonn RLCMLÓ treoir straitéiseach agus bheartais d'fhorbairt CSLDÓ. D'eascair sainordú an CSLDÓ ó bheartas an Rialtais le himeacht ama, lena n-áirítear Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga, 2014-2020 agus a chomharba Éire Óg: An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2028. Forbraíonn agus maoirsíonn gach CSLDÓ feidhmiú Plean trí bliana do Leanaí agus do Dhaoine Óga (PLDÓ) chun torthaí a fheabhsú do leanaí ina gceantar féin. Leagtar amach tosaíochtaí an CSLDÓ sa PLDÓ agus áirítear ann plean gníomhaíochta mionsonraithe. Díorthaítear na gníomhartha agus na tosaíochtaí ó anailís ar riachtanais áitiúla agus ó thosaíochtaí náisiúnta a eascraíonn as Éire Óg agus comhstraitéisí amhail Na Chéad 5.



*Ciara, aois 3*

## Líonraí Tacaíochta Leanaí agus Teaghlach

Feidhmíonn Líonraí Seirbhísí Leanaí agus Teaghlach (LSLTanna) faoi bhun leibhéal an CSLDÓ mar shásra ar leibhéal áitiúil chun gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí túslíne a chomhordú. Is líonraí ilghníomhaireachta iad LSLTanna a bunaíodh chun rochtain ar sheirbhísí tacaíochta do leanaí agus dá dteaghlaigh a fheabhsú trí úsáid a bhaint as cuir chuige áitiúla, cheantarbhunaithe. Tá na líonraí seo atá bunaithe ar chomhpháirtíocht oscailte d'aon seirbhísí áitiúla a bhfuil ionchur acu i saol na dteaghlach. Tagann comhaltaí na líonraí ó ghníomhaireachtaí éagsúla nó ó sheirbhísí deonacha agus pobail áitiúla. Tá sé mar aidhm ag LSLTanna oibriú go héifeachtach i gcomhpháirtíocht le teaghlaigh chun a chinntiú nach bhfuil 'doras mícheart ar bith' ann do theaghlaigh, agus go bhfaigheann gach teaghlach ina gceantar tacaíocht inrochtana go héasca, atá oiriúnach chun freastal ar a riachtanais aitheanta. Tá 121 LSLT bunaithe ag Tusla ar fud na tíre.

## Coistí Forbartha Áitiúla agus Pobail

Cuireann Coistí Forbartha Áitiúla agus Pobail (CFÁPanna) cur chuige trasearnála i bhfeidhm maidir le cláir forbartha áitiúla agus pobail. Tá comhaltaí agus oifigigh údaráis áitiúil, Gníomhaireachtaí Stáit, agus daoine a oibríonn le heagraíochta forbartha áitiúla agus pobail, agus le heagraíochtaí eacnamaíochta, cultúrtha agus comhshaoil ina gcuid de CFÁPanna. Baineann siad leas as saineolas gníomhaithe áitiúla poiblí agus príobháideacha chun seirbhísí a sholáthar, go háirithe dóibh siúd is mó a bhfuil na seirbhísí sin de dhíth orthu. Tá na coistí seo freagrach as Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEPanna) sé bliana a fhorbairt. Comhaontófar príomhthosaíochtaí Phlean Leanaí agus Daoine Óga an CSLDÓ idir CFÁPanna lena gcur san áireamh i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) an údaráis áitiúil. Cuirfidh na tosaíochtaí comhaontaithe seo le Cuspóirí uileghabhálacha an Phobail Inbhuanaithe sa PÁEP. Rachaidh an CSLDÓ agus an CFÁP i mbun oibre ar bhonn leanúnach maidir le feidhmiú na dtosaíochtaí comhaontaithe sa PÁEP.



*Ethan, aois 4*

## Bonneagar FCLÓ

Oibríonn eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí go náisiúnta agus go háitiúil chun tacú le riaradh agus soláthar seirbhísí FCLÓ. Ag leibhéal náisiúnta, bainistíonn Pobal scéimeanna maoinithe thar ceann an RLCMLÓ. Tacaíonn an tSeirbhís um Fhorbairt Ardchaighdeáin Tús Níos Fearr le soláthraithe FCLÓ trí mheantóireacht, oiliúint, agus tacú le feidhmiú SRC agus cur chuige comhtháite a bhunú maidir le cáilíocht ar fud na hearnála FCLÓ. I ngach ceantar údaráis áitiúil, tacaíonn Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCCLanna) le tuismitheoirí agus le soláthraithe FCLÓ, ag nascadh beartas agus treoir náisiúnta le soláthar áitiúil. Bíonn ról gníomhach ag CCCLanna in CSLDÓnna agus i líonraí áitiúla eile. Cuireann Eagraíochtaí Náisiúnta Deonacha Cúraim Leanaí raon tacaíochtaí ar fáil don earnáil FCLÓ.

De bhun mholadh an Athbhreithnithe Neamhspleách ar Shamhail Oibriúcháin FCLÓ agus CLAS in Éirinn, ar ghlac an Rialtas leis i Márta 2022, tá obair ar bun chun pleanáil a dhéanamh do ghníomhaireacht reachtúil do FCLÓ agus CLAS a thabharfaidh le chéile, a fheabhsóidh agus a chuirfidh leis na tacaíochtaí atá ar fáil faoi láthair laistigh den bhonneagar atá ann faoi láthair. Táthar ag súil go gcabhróidh gníomhaireacht thiomnaithe le struchtúr níos cuíchóirithe a fhorbairt chun tacú níos fearr le soláthar FCLÓ, agus go n-éascóidh sí feidhmiú an chláir oibre athchóirithe shuntasaigh atá beartaithe faoi Na Chéad 5.



*Alanna, aois 5*

## Comhthéacs idirnáisiúnta

Tá Na Chéad 5 bunaithe ar oibleagáidí idirnáisiúnta na hÉireann. Dhaingnigh Éire Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh i 1992 agus bíonn uirthi tuarascálacha stáit rialta a chur isteach ar chomhlíonadh an Choinbhinsiúin. Déanann an próiseas tuairiscithe seo monatóireacht ar cad é mar atá ag éirí le bearta tíortha an Coinbhinsiún a bhaint amach, agus déanann sé monatóireacht ar chearta leanaí ar an iomlán freisin. Díorthaítear go leor de na gníomhartha laistigh den phlean feidhmithe ó Bhreithnithe Deiridh an CNACL ar an gcúigiú agus an séú tuarascáil thréimhsiúil in Éirinn le chéile. I gcomhréir le Ráthaíocht an AE do Leanaí, tá sé mar aidhm ag gníomhartha Na Chéad 5 a chinntiú freisin go bhfuil rochtain ag gach leanbh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ar na cearta is bunúsaí amhail cúram sláinte agus oideachas.

Tá Creat Cáilíochta an AE maidir le Cúram agus Oideachas na Luath-Óige mar bhonn agus taca ag Na Chéad 5, creat a bhí mar fhócas ag an Moladh 2019 ón gComhairle Eorpach maidir le Córais Ardcháilíochta Oideachais agus Cúraim Luath-Óige (OCLÓ). Glacann Rialtas na hÉireann páirt i ngrúpa oibre an Limistéir Eorpaigh Oideachais ar OCLÓ, ina n-oibríonn Ballstáit AE agus daoine eile le chéile chun machnamh a dhéanamh ar conas beartais agus córais a dhearadh ar an mbealach is éifeachtaí i gcomhréir le Creat Cáilíochta an AE.

Glacann Rialtas na hÉireann páirt freisin i Líonra ECFE ar OCLÓ, a chuireann fóram ar fáil d'fhoghlaim taighde agus beartais chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt raon príomhghníomhartha in Na Chéad 5, go háirithe sa luathfhoghlaim agus sa chúram.

Ceann de shruthanna oibre Chomhairle na Breataine-na hÉireann is ea na Luathbhlianta, agus trí chlár leanúnach oibre sa sruth oibre seo, glacann Rialtas na hÉireann páirt i bhfoghlaim chomhroinnte beartais ar Luathfhoghlaim agus Cúram le Riaracháin Comhaltaí eile.



*Holly, aois 4*

# Próisis chun tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmiú

## Dul chun cinn a thuairisciú

Ullmhóidh Foireann Feidhmithe Na Chéad 5 Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmiú, ina leagfar amach stádas agus dul chun cinn na ngníomhartha, agus cuirfear faoi bhráid an Rialtais í. Díreoidh an Tuarascáil Bhliantúil ar bhaint amach na ngníomhartha ar an iomlán, le béim ar leith ar na spriocanna ardleibhéil, na cuspóirí straitéiseacha agus na bloicíní tógála. Déanfar táscairí aois-ábhartha sa Chlár Taighde Leanaí agus Daoine Óga Tras-Rialtais a thuairisciú in éineacht leis an dul chun cinn atá déanta maidir le spriocanna Na Chéad 5 a bhaint amach.

Iarrfar ar Chomhairle Chomhairleach Éire Óg tráchtaireacht a fhoilsiú sa Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmiú.

## Spriocanna Na Chéad 5

Déanfar tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na chéad spriocanna in Na Chéad 5 i dtréimhse feidhmithe Chéim 2. Tá roinnt spriocanna nua leagtha síos don tréimhse sin freisin.

## Saoire Thuismitheoireachta Íoctha

Tacaíonn taighde go láidir le beartais a ligeann do thuismitheoirí aire a thabhairt do leanaí sa bhaile, go háirithe sa chéad bhliain. Ó foilsíodh Na Chéad 5 in 2018, tugadh isteach teidlíocht reachtúil nua ar Shaoire Thuismitheoireachta íoctha. Thug an tAcht um Shaoire agus Sochar do Thuismitheoirí 2019 dhá sheachtain de Shaoire Thuismitheoireachta íoctha isteach do gach tuismitheoir atá le tógáil sa chéad bhliain tar éis bhreith nó socrúchán uchtaíoch linbh. In Aibreán 2021, cuireadh trí seachtaine eile de Shaoire agus Sochar Tuismitheoireachta ar fáil do gach tuismitheoir agus leathnaíodh an tréimhse ina bhféadfaí an tsaoire a thógáil go dtí an chéad dá bhliain tar éis bhreith nó socrúchán uchtaíoch linbh. I mí Iúil 2022, tháinig méadú coicíse eile ar Shaoire agus Sochar Tuismitheoireachta, rud a thug an teidlíocht reatha go seacht seachtaine. Príomhthosaíocht don chuid eile de Na Chéad 5 ná Saoire Thuismitheoireachta íoctha a mhéadú chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thuismitheoirí aire a thabhairt dá naíonán sa bhaile don chéad bhliain ar fad.

**Sprioc:** Faoi 2028, tacófar le tuismitheoirí aire a thabhairt dá naíonáin sa bhaile don chéad bhliain ar fad trí mheascán de scéimeanna saoire teaghlaigh íoctha.

## Beathú cíche

Bíonn tionchar suntasach ag beathú cíche ar shláinte leanaí agus aithnítear é le fada mar an caighdeán óir le haghaidh cothaithe sa naíonacht agus sa luath-óige. Tacaíonn beathú cíche freisin le sláinte mheabhrach naíonán dhearfach trí nascadh agus gean a chur chun cinn. Tá na rátaí beathú cíche in Éirinn íseal de réir caighdeáin idirnáisiúnta. Príomhthosaíocht a bheidh in Na Chéad 5 ná gníomhartha chun tacú le níos mó máithreacha in Éirinn beathú cíche a thabhairt agus chun cur le méaduithe ar rátaí beathú cíche.

**Sprioc:** Méadú 2% gach bliain ar rátaí ré beathú cíche (i gcomhréir leis an sprioc atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Beathú Cíche).

## Lucht saothair gairmiúil

Ó foilsíodh Na Chéad 5 in 2018, tá céatadán na foirne a oibríonn go díreach le leanaí i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim ionad-bhunaithe, a bhfuil cáilíocht chuí ar leibhéal céime acu, méadaithe ó 22% go 37% in 2022. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le hullmhú do rialáil agus tacaíochtaí a leathnú chuig feighlithe leanaí, tríd an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Fheighlíocht Leanaí 2021-2028 agus i Scileanna a Chothú, an Plean Lucht Oibre don Luathfhoghlaim agus Cúram agus Cúram Leanaí ar Aois Scoile 2022-2028, agus gheall an Rialtas go dtabharfaí isteach íosriachtanas cáilíochta rialála do chleachtóirí CLAS ag leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Príomhthosaíocht a bheidh ann don chuid eile de Na Chéad 5 ná cur le líon na mball foirne a oibríonn go díreach le leanaí i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim ionad-bhunaithe a bhfuil cáilíocht chuí ar leibhéal céime acu, chun tacú le feabhas breise a chur ar cháilíocht na seirbhísí.

**Sprioc:** Faoi 2028, beidh íosriachtanas oiliúna bainte amach ag gach feighlí leanaí rialáilte, agus tabharfar isteach íosriachtanas cáilíochta do chúram leanaí in aois scoile le ham tosaigh cuí. Beidh an lucht saothair luathfhoghlama agus cúraim faoi stiúir céimithe, agus beidh cáilíocht chuí ag leibhéal na céime ag ar a laghad 50% den fhoireann ag obair go díreach le leanaí i suíomhanna luathfhoghlama agus cúraim bunaithe in ionaid.

## Infheistíocht luathfhoghlama agus cúraim

Le hocht mbuiséad anuas, tá méadú tagtha ar an infheistíocht sa luathfhoghlaim agus sa chúram ó €260 milliún in 2015 go dtí €485 milliún in 2018 (nuair a socraíodh an sprioc infheistíochta tosaigh), agus go dtí €1.025 billiún in 2023 (nuair a sáraíodh an sprioc infheistíochta tosaigh 5 bliana roimh an am). In ainneoin an dul chun cinn seo, tá an infheistíocht sa cheantar fós íseal de réir caighdeáin idirnáisiúnta.

San áireamh is déanaí uaithi, tuairiscíonn an ECFE go gcaitheann Éire 0.3% den OTI ar luathfhoghlaim agus ar chúram i gcomparáid le meán AE de 0.7%. Glactar leis, áfach, gur táscaire míthreorach é OTI i gcomhthéacs na hÉireann. Ina áit sin, is comparadóir níos úsáidí é OIN modhnaithe, arna mholadh ag an nGrúpa Athbhreithnithe um Staidreamh

Eacnamaíoch. Tá sé seo ceaptha chun éifeachtaí domhandaithe a chur as an áireamh a bhfuil tionchar díréireach acu ar thomhas mhéid gheilleagar na hÉireann.

Príomhthosaíocht a bheidh ann don chuid eile de Na Chéad 5 ná leanúint de leibhéil na hinfheistíochta poiblí sa luathfhoghlaim agus sa chúram a mhéadú ionas go mbeidh an infheistíocht ailínithe níos dlúithe le meán an AE.

**Sprioc:** Idir 2023 agus 2028, oibreoidh Éire chun an bhearna reatha san infheistíocht phoiblí sa luathfhoghlaim agus sa chúram a laghdú i gcomparáid le meán an AE.

## Cumas luathfhoghlama agus cúraim

Cuimsíonn Spriocanna Athbhreithnithe Barcelona do 2030 raon leathan gnéithe de sholáthar luathfhoghlama agus cúraim, lena n-áirítear sprioc thír-shonrach d'Éirinn de rannpháirtíocht 35% sa luathfhoghlaim agus cúram do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois. Níl an sprioc 35% á baint amach ag Éirinn faoi láthair.

Léiríonn sonraí ó Phróifíl Bhliantúil Earnáil na Luathbhlianta 2021/22 go raibh 43,498 áit ann do leanaí idir 0-3 bliana d'aois go náisiúnta. Ní áirítear leis seo áiteanna do leanaí i bhformhór na suíomhanna feighlíochta leanaí.

Príomhthosaíocht a bheidh ann don chuid eile de Na Chéad 5 ná líon na n-áiteanna luathfhoghlama agus cúraim do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois, atá maoinithe ag an stát, a mhéadú, agus aird á tabhairt ar sprioc saoire an tuismitheora íoctha (i.e. tacófar le tuismitheoirí aire a thabhairt dá leanaí sa bhaile ar feadh a gcéad bhliana ar fad trí mheascán de scéimeanna saoire teaghlaigh íoctha).

Chuirfeadh sprioc de 60,000 áit dóthain áiteanna ar fáil do 35% de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois.

**Sprioc:** Faoi 2028, beidh 60,000 áit luathfhoghlama agus cúraim do leanaí faoi 3 bliana d'aois maoinithe ag an stát.

## Luathfhoghlaim agus inacmhainneacht cúraim

Léirigh sonraí ECFE ó 2018 (nuair a foilsíodh Na Chéad 5) go raibh glanchostas na luathfhoghlama agus an chúraim in Éirinn, i gcomparáid le hioncam teaghlaigh, níos saoire ná aon tír eile san AE do lánúineacha ar ioncam íseal, agus sa tríú háit is airde ó thaobh costais do thuismitheoirí aonair ar ioncam íseal. D'íoc lánúineacha 26.5 faoin gcéad ar an meán agus d'íoc tuismitheoirí aonair 25.2 faoin gcéad ar an meán, i gcomparáid le meán AE de 9.6 faoin gcéad agus 10.5 faoin gcéad faoi seach.

Faoi 2021, thit glanchostais FCLÓ in Éirinn go 14.2 faoin gcéad den ghlanioncam do lánúineacha agus 5.3 faoin gcéad do thuismitheoirí aonair – i gcomparáid le meáin ae de 8.1 faoin gcéad agus 8.4 faoin gcéad faoi seach. Tá na sonraí sin níos sine ná athchóirithe ar an SNCL a fógraíodh i mBuiséid 2022 agus 2023, chomh maith le tabhairt isteach na bainistíochta táillí faoin mBunmhaoiniú. Príomhthosaíocht don chuid eile de Na Chéad 5 is ea leanúint de chostas na luathfhoghlama agus an chúraim a laghdú do thuismitheoirí agus é chur ar aon dul le noirm an AE.

**Sprioc:** Idir 2023 agus 2028, oibreoidh Éire chun an bhearna atá ann faoi láthair i nglanchostais luathfhoghlama agus chúraim a laghdú, mar chéatadán d'ioncam indiúscartha teaghlaigh, i gcomparáid le meán an AE.

## Glacadh le clár COLÓ

Cuimsíonn Spriocanna Athbhreithnithe Barcelona do 2030 raon leathan gnéithe de sholáthar luathfhoghlama agus cúraim. Maidir leis an sprioc de rannpháirtíocht 96% sa luathfhoghlaim agus cúram do leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois éigeantach scoile, tá an sprioc sin bainte amach ag Éirinn cheana féin, ach tá scrúdú á dhéanamh aici fós ar bhealaí chun rátaí rannpháirtíochta grúpaí a bhfuil a rannpháirtíocht níos ísle a mhéadú, go háirithe leanaí den Lucht Siúil (le rátaí rannpháirtíochta 76%) agus leanaí den Phobal Romach (le rátaí rannpháirtíochta 70%). Príomhthosaíocht don chuid eile de Na Chéad 5 is ea leanúint de na rátaí glactha leis an gclár COLÓ nó clár réamh-bhunscoile coibhéiseach i measc leanaí den Lucht Siúil agus den Phobal Romach a mhéadú agus na rátaí sin a thabhairt níos gaire don mheán náisiúnta.

**Sprioc:** Faoi 2028, beidh na rátaí glactha leis an gclár COLÓ nó clár réamh-bhunscoile coibhéiseach i measc leanaí den Lucht Siúil agus den Phobal Romach ailínithe níos dlúithe leis an meán náisiúnta.

## Athbhreithniú ar Na Chéad 5

Clúdaíonn Na Chéad 5 an tréimhse ó 2019-2028. Cé go bhfuil an fhís uileghabhálach dírithe ar na deich mbliana foriomlána, tá na gníomhartha mionsonraithe sa Phlean Feidhmithe dírithe ar na trí bliana amach romhainn. Ar mhaithe le cuntasacht agus le hábharthacht leanúnach, déanfar athbhreithniú ar an Straitéis laistigh de na trí bliana amach romhainn. Cuirfear san áireamh i bplean gníomhaíochta nuashonraithe an dul chun cinn a rinneadh sa dara céim den phróiseas feidhmithe, freagróidh sé do dhúshláin nó bacainní atá ag teacht chun cinn, agus léireofar ann gníomhartha nua a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a mbíonn tionchar acu ar eispéiris agus ar thorthaí naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach.

# Dúshláin, rioscaí agus maoluithe feidhmithe

Mar a shonraítear sa Straitéis bhunaidh, ní mór do na Ranna Rialtais ábhartha acmhainní a lorg ar na gníomhartha atá leagtha amach sa Straitéis ar an ngnáthbhealach tríd an bpróiseas meastachán bliantúil agus vótáil an tOireachtas air, mar is amhlaidh le gach tionscnamh maoinithe de chuid an Rialtais. Tá príomhfheidhmitheoirí go hiomlán ar an eolas faoin gceanglas seo agus tá siad sásta na hacmhainní a theastaíonn a lorg. Breithneoidh an Rialtas faomhadh caiteachais i gcomhthéacs raon tosaíochtaí, cúinsí eacnamaíocha atá i réim agus cúinsí polaitiúla a chothromú. D'fhéadfadh athruithe móra i dtaca leo seo cur isteach ar a dhóthain acmhainní a bheith ar fáil chun gníomhartha Na Chéad 5 a fheidhmiú. Beidh rannpháirtíocht leanúnach ann ar leibhéal polaitiúil chun feasacht agus tuiscint ar Na Chéad 5 agus tiomantas dó a chothú. Fiosróidh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus Ranna Rialtais eile foinsí maoinithe eile (e.g. Maoiniú na gCuntas Díomhaoin agus Cistí Infheistíochta Struchtúracha AE) chun tacú le gníomhartha a bhaint amach, nuair is cuí.

Táthar ag súil go mór le feidhmiú Na Chéad 5 agus tá mian fhorleathan ann go mbainfidh athrú dearfach leis na gníomhartha. Mar sin féin, i bhfianaise fhairsinge na Straitéise agus scála agus castacht go leor de na gníomhartha, tá baol ann nach bhfeidhmeofar í ag an luas a bhfuil páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne ag súil leis. Tá an Plean Feidhmithe seo, ina leagtar amach cur i gcrích na ngníomhartha thar an dara céim de 2023-2025, mar chuid den phróiseas cumarsáide maidir leis an méid ar féidir a bheith ag súil leis agus luas dóchúil na bhforbairtí. Beidh sé tábhachtach go gcuirfear na hacmhainní daonna agus airgeadais riachtanacha i bhfeidhm chun a chinntiú go gcuirfear an plean seo i gcrích mar a bhí beartaithe.

D'fhéadfadh fad deich mbliana na Straitéise agus méid na ngníomhartha atá le baint amach moill a chur ar mhóiminteam le linn na tréimhse sínte seo agus a chinntiú go dtugtar tosaíocht leanúnach do ghníomhartha Na Chéad 5. Ceadaíonn fad trí bliana an Phlean Feidhmithe fócas a bheith ann fós sa dara céim den fheidhmiú. Ina dhiaidh sin, déanfar athbhreithniú in 2025 chun dul i dteagmháil arís le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit i bhfianaise forbairtí ag an bpointe sin.

Tríd is tríd, is ionann na gníomhartha in Na Chéad 5 agus gníomhaíocht bhreise do Ranna. D'fhéadfadh sé go gciallódh easpa cumais agus cumais bhreise thar raon Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit go gcuirtear moill ar ghníomhartha nó nach bhfeidhmeofar iad. D'fhéadfaí aird na mball foirne atá ann cheana a tharraingt de ghníomhartha chun dul i mbun gnáthghníomhaíochta gnó nó chun déileáil le forbairtí nua eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Trí chumarsáid láidir idir Foireann Feidhmithe Na Chéad 5 agus Bord Bainistíochta RLCMLÓ, contrapháirtithe i Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile go déthaobhach, agus an GIR agus struchtúir Éire Óg, beifear in ann béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainn foirne leordhóthanach agus chobhsaí, bainistíocht comharbais de réir mar is gá agus tacaíocht láidir agus ceannach isteach a choinneáil. D'fhéadfadh seans a bheith ann freisin chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin acmhainní foirne trí chumas a fheabhsú trí shocruithe comhpháirtíochta atá ann cheana agus trí shocruithe comhpháirtíochta nua.

Le linn fheidhmiú na Straitéise seo, déanfaidh Foireann Feidhmithe Na Chéad 5, i gcomhpháirtíocht le Struchtúir Feidhmithe Éire Óg, rioscaí a mheas agus a bhainistiú go gníomhach chun rath na straitéise a chinntiú.

# AGUISÍN A: GNÍOMHARTHA Á NAISTRIÚ GO HÉIRE ÓG Ó NA CHÉAD 5



# Aguisín A: Gníomhartha ó n-aistriú go hÉire Óg ó Na Chéad 5

Is comhstraitéis í Na Chéad 5: Straitéis Uile-Rialtais do Naíonáin, Leanaí Óga agus a dTeaghlaigh 2019-2028 den Chreat Beartais Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile 2014-2020 agus a chomharba Éire Óg 2023-2028. Díríonn Cuid 2 de Phlean Feidhmithe Na Chéad 5 ar ghníomhartha a bhaineann go díreach le naíonáin, le leanaí óga agus lena dteaghlaigh a bhaint amach. Tógadh na gníomhartha seo a leanas, a bhaineann le tréimhse ama níos leithne 0 - 24 bliain, ó Na Chéad 5 agus díreofar orthu i bhfeidhmiú agus i socruithe monatóireachta Éire Óg amach anseo.

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Gníomh a tháinig ó Na Chéad 5 | Ceannasaí |
|---|---|---|---|
| Samhail shrathach de sheirbhísí do thuismitheoirí a fhorbairt ar bhonn soláthair uilíoch, le tacaíocht bhreise ar fáil do thuismitheoirí de réir a leibhéil riachtanais ar bhonn forásach. | A.2.2.2. | Rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú trí infheistíocht leanúnach a dhéanamh sa Chlár Cosanta, Comhpháirtíochta agus Tacaíochta Teaghlaigh. | Ceannasaí:<br>Tusla |
| Ag tógáil ar an gcóras tacaíochtaí atá ann cheana féin, athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chun ioncam teaghlach a bhfuil leanaí óga acu a uasmhéadú, agus béim ar leith á chur ar leanaí atá i mbaol bochtaineachta. | A.3.1.1. | Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gCreidmheas Cánach do Chúramóirí Baile, mar chuid den phróiseas buiséadach bliantúil, ar aon dul le beartais an Rialtais. | Ceannasaí:<br>An Roinn Airgeadais |
| Ag tógáil ar an gcóras tacaíochtaí atá ann cheana féin, athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chun ioncam teaghlach a bhfuil leanaí óga acu a uasmhéadú, agus béim ar leith á chur ar leanaí atá i mbaol bochtaineachta. | A.3.1.2. | Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe um Chothabháil Leanaí i mí na Samhna 2022 agus ghlac an Rialtas le moltaí an Ghrúpa maidir leis an gcóras leasa shóisialaigh. Mar thoradh air sin:<br><br>(i) Ní bhaineann an ceanglas "iarrachtaí chun cothabháil a lorg" leis an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora ná leis an Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist a thuilleadh.<br><br>(ii) Tá forálacha maidir le gaol faoi dhliteanas á mbaint de na socruithe Íocaíochta Teaghlaigh Aontuismitheora, rud a chiallaíonn nach ndéanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí iarracht a thuilleadh cuid de chostais éilimh a fháil ar ais ón tuismitheoir neamhchónaitheach sna cásanna seo. In ainneoin na bhforálacha seo a bheith bainte, tá sé fós faoi chúram tuismitheoirí go príomha, a leanaí a chothabháil.<br><br>(iii) Tabharfar neamhaird ar íocaíochtaí cothabhála leanaí sa tástáil mhaoine le haghaidh íocaíochtaí leasa shóisialaigh. Mar thoradh air seo, tiocfaidh méadú ar an íocaíocht atá á fáil ag roinnt tuismitheoirí aonair a bhfuil ráta íslithe á fháil acu faoi láthair agus beidh roinnt tuismitheoirí aonair breise i dteideal íocaíochta anois chomh maith.<br><br>Ní bheidh measúnacht ar íocaíochtaí cothabhála leanaí ná forálacha maidir leis an ngaol faoi dhliteanas mar chuid de thástálacha acmhainne leasa shóisialaigh a thuilleadh dóibh siúd a chuirfidh iarratas isteach ar an Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora. Tháinig na hathruithe seo i bhfeidhm ó cuireadh athruithe riachtanacha i bhfeidhm sa reachtaíocht phríomha agus sa reachtaíocht thánaisteach, chomh maith le hathruithe córasacha agus foirme.<br><br>D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt an chéad Straitéis um Cheartas Teaghlaigh ag an am céanna, ina léirítear réimse spriocanna agus gníomhartha a chuirfidh leanaí ag croílár chóras athchóirithe an cheartais teaghlaigh. Moladh i gceann de na gníomhartha sa Straitéis go ndéanfaí athbhreithniú ar chur i bhfeidhm orduithe cothabhála leanaí agus go n-aithneofaí moltaí chun athchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas sin. | Comhcheannasaithe:<br>An Roinn Coimirce Sóisialaí agus an Roinn Dlí agus Cirt |

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Gníomh a tháinig ó Na Chéad 5 | Ceannasaí |
|---|---|---|---|
| Ag tógáil ar an gcóras tacaíochtaí atá ann cheana féin, athbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh chun ioncam teaghlach a bhfuil leanaí óga acu a uasmhéadú, agus béim ar leith á chur ar leanaí atá i mbaol bochtaineachta. | A.3.1.3. | Leanúint ar aghaidh leis an tacaíocht a thugtar do dhaoine, lena n-áirítear teaghlaigh a bhfuil leanaí óga acu, le go mbeidh siad in ann a riachtanais fhuinnimh a chomhlíonadh agus béim á leagan ar fheabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh níos doimhne a chuideoidh linn dul i ngleic le bunchúiseanna bochtaineachta fuinnimh. | Ceannasaí: RCAC |
| Tacú leis an obair chun tithíocht chuí a fhorbairt chun riachtanais naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach a chomhlíonadh. | A.3.2.1. | De réir na mbeartas a leagtar amach in Tithíocht do Chách, Plean Nua Tithíochta d'Éirinn, réimse gníomhartha a fheidhmiú a chinnteoidh go dtiocfaidh méadú ar líon na dtithe sóisialta, líon na dtithe ar phraghas réasúnta agus líon na dtithe príobháideacha le go mbeidh tithíocht chuí ar fáil do theaghlaigh. | Ceannasaí: RTRÁO |
| Tacú leis an obair chun tithíocht chuí a fhorbairt chun riachtanais naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach a chomhlíonadh. | A.3.2.2. | Níos mó áiseanna cóiríochta a chur ar fáil a bheidh feiliúnach do theaghlaigh gan dídean agus a chinntiú go gcuirtear na tacaíochtaí cuí ar fáil do na teaghlaigh seo a thacóidh leo teacht ar theach eile a bheidh feiliúnach dóibh san achar is giorra agus is féidir agus aird á tabhairt i gcónaí ar riachtanais agus ar chúinsí aonair na dteaghlach. | Ceannasaí: RTRÁO |
| Tacú leis an obair chun tithíocht chuí a fhorbairt chun riachtanais naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach a chomhlíonadh. | A.3.2.3. | Nuair a chuirfear an chomhairleacht i gcrích, caighdeáin maidir leis an tithíocht a thairgtear do dhaoine mar chuid den phróiseas cosanta a fhoilsiú, a chinnteoidh go mbeidh soláthar na seirbhísí agus tacaíochtaí do dhaoine a mbeidh cónaí orthu sa chineál seo cóiríochta, lena n-áirítear naíonáin, leanaí óga agus a dtuismitheoirí, ar ardchaighdeán, cuí, sábháilte agus éifeachtach. | Ceannasaí: RLCMLÓ |
| Tacú leis an obair chun tithíocht chuí a fhorbairt chun riachtanais naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach a chomhlíonadh. | A.3.2.4. | Níos mó cóiríochta a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil a sholáthar trí leas a bhaint as maoiniú na nÚdarás Áitiúil do sholáthar cóiríochta mar seo. | Ceannasaí: RTRÁO |
| A chinntiú go dtabharfar aird ar riachtanais agus ar chearta naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair fhisiciúil agus shóisialta le go dtacófar le luathfhorbairt dhearfach na leanaí sna ceantair ina mbéarfar iad agus ina bhfásfaidh siad aníos. | A.3.3.1. | Treoirlínte maidir le pleanáil agus le forbairt pobal a bheidh oiriúnach do leanaí a fhorbairt do na hÚdaráis Áitiúla. Díreofar sna treoirlínte seo ar phobail inbhuanaithe a chruthú ina gcinnteofar go mbeidh timpeallacht shábháilte ar fáil do leanaí chun a bheith ag súgradh agus ag foghlaim agus chun dul i mbun eachtraíochta. I measc na dtreoirlínte beidh moltaí maidir le spás áineasa, le scála cuí forbartha, le bealaí siúil agus rothaíochta agus le spásanna poiblí, lena n-áirítear spásanna súgartha agus an timpeallacht nádúrtha. | Ceannasaí: RTRÁO |
| Tacú le dea-iompar sláinte i measc mná atá ag iompar clainne, naíonán, leanaí óga agus a dteaghlach, agus an dea-iompar sin a chur chun cinn. | B.4.1.5. | An suíomh gréasáin mychild.ie a fhorbairt agus a chothabháil le go mbeidh rochtain ag tuismitheoirí ar fhaisnéis chuimsitheach maidir le gach gné de shláinte agus d'fholláine a leanaí, agus tacú leis an suíomh gréasáin sin le húsáid na meán sóisialta. | Ceannasaí: FSS |
| Tacaíochtaí agus seirbhísí maidir le hiompar sláinte a chomhcheangail le seirbhísí a fhreastalaíonn ar leanaí, agus leis an bpobal i gcoitinne. | B.4.2.2. | Cur leis na Cláir Chothaithe agus Chócaireachta sa Phobal. | Ceannasaí: FSS |

| Gníomh Straitéiseach | Gníomh | Gníomh a tháinig ó Na Chéad 5 | Ceannasaí |
|---|---|---|---|
